

Splańc

Caibidil 2
2023-2024



Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Cúinne na Gramadaí

An Aimsir (Ghnáth)láithreach

San **aimsir (ghnáth)láithreach**

déantar cur síos ar eachtraí a tharlaíonn ó am go chéile – nó fiú go minic. Seo roinnt samplaí d'fhocail a úsáidtear san aimsir ghnáthláithreach.



go minic gach lá gach oíche
gach maidin anois is arís
go hannamh na laethanta seo

Nóta

- Úsáidtear an aimsir **ghnáthláithreach** chun cur síos a dhéanamh ar nithe a tharlaíonn **ó am go chéile** nó **go rialta**.
Tosaíonn na ranganna ar a naoi a chlog gach maidin.
- Úsáidtear an aimsir **láithreach** chun cur síos a dhéanamh ar nithe atá ag tarlú díreach anois.
Tá cogadh ar siúl san Úcráin anois.
Níl cogadh ar siúl sa Fhrainc anois.
An bhfuil cogadh ar siúl sa Rúis anois?
- Is é an briathar **bí** an t-aon bhriathar a bhfuil aimsir láithreach aige – *tá mé, tú sé, sí, etc.*

Leid

- Ní chuirtear séimhiú ná urú ar bhriathra san fhoirm dhearfach den aimsir ghnáthláithreach de ghnáth.
brisim, ólann sé, fágann siad
- ní + séimhiú san fhoirm dhiúltach:**
ní bhrisim, ní ólann sí, ní fhágann siad
- an + urú ar chonsan san fhoirm cheisteach:**
an mbrisim? an ólann sé?
an bhfágann siad?

Ar aire! Bígí cúramach leis na briathra neamhrialta! Is gá iad a fhoghlaim i gceart!

An Chéad Réimniú* den Bhriathar

- Briathra le **siolla amháin** den chuid is mó atá sa chéad réimniú.
dún bris glan fill ól
- Briathra le **níos mó ná siolla amháin** a chríochnaíonn ar **áil** nó ar **áin**
sábháil tiomáin cniotáil
- Ná déan dearmad ar an riail, **caol le caol agus leathan le leathan!**
- * **réimniú = grúpa briathra conjugation**

Caol

Brisim
Briseann tú, sé, sí
Brisimid
Briseann sibh, siad

Bristear

Leathan

Glanaim
Glanann tú, sé, sí
Glanaimid
Glanann sibh, siad

Glantar

An Dara Réimniú den Bhriathar

- Briathra le **níos mó ná siolla amháin**
ceannaigh éirigh oscail imir
- Caol le caol, leathan le leathan!**



Caol

Deisim
Deisíonn tú, sé, sí
Deisimid
Deisíonn sibh, siad

Deisítear

Leathan

Ceannaim
Ceannaíonn tú, sé, sí
Ceannaímid
Ceannaíonn sibh, siad

Ceannaítear

An tUrá

Is iad seo na consain ar féidir urú a chur orthu: **b, c, d, f, g, p** agus **t**.

Cuirtear **n + fleiscín (-)** roimh ghuta, *ach* ní chuirtear fleiscín roimh *cheannlitir*.

sláinte na n-othar meon na nAlbanach

mb gc nd bhf ng bp dt

Briathra Neamhrialta

Abair

Deirim

Deir tú, sé, sí

Deirimid

Deir sibh, siad

Deirtear

Ní deir

An ndeir?



Beir

Beirim

Beireann tú, sé, sí

Beirimid

Beireann sibh, siad

Beirtear

Ní bheireann

An mbeireann?

Bí

Bím

Bíonn tú, sé sí

Bímid

Bíonn sibh. siad

Bítear

Ní bhíonn

An mbíonn?

Clois

Cloisim

Cloiseann tú, sé, sí


Cloisimid

Cloiseann sibh, siad

Cloistear

Ní chloiseann

An gcloiseann?



Déan

Déanaim

Déanann tú, sé, sí

Déanaimid

Déanann sibh, siad

Déantar

Ní dhéanann

An ndéanann?

Faigh

Faighim

Faigheann tú, sé, sí

Faighimid

Faigheann sibh, siad

Faightear

Ní fhaigheann

An bhfaigheann?



Feic

Feicim

Feiceann tú, sé, sí

Feicimid

Feiceann sibh, siad

Feictear

Ní fheiceann

An bhfeiceann?



Ith

Ithim

Itheann tú, sé, sí

Ithimid

Itheann sibh, siad

Itear

Ní itheann

An itheann?

Tabhair

Tugaim

Tugann tú, sé sí


Tugaimid

Tugann sibh, siad

Tugtar

Ní thugann

An dtugann?



Tar

Tagaim

Tagann tú, sé, sí

Tagaimid

Tagann sibh, siad

Tagtar

Ní thagann

An dtagann?

Téigh

Téim

Téann tú, sé, sí

Téimid

Téann sibh, siad

Téitear

Ní théann

An dtéann?

Déanaigí bhur ndícheall!

Freagraí ag deireadh na caibidle!

Ceacht 1

(a) Athscríobh an sliocht thíos, ach bíodh na briathra faoi chló trom san aimsir ghnáthláithreach agat.

Rothaigh mé chun na scoile ar luas lasrach gach maidin. Nuair a **sroich** mé an scoil, **cuir** mé mo leabhair i mo thaisceadán. **Labhair** mé le mo chairde faoi imeachtaí an lae agus **brostaigh** mé go dtí mo chéad rang. **Tosaigh** an muinteoir ranga an lá scoile le glaoch na rollaí. **Ceartaigh** sí an obair bhaile linn ansin. **Freagair** sí ceisteanna ón rang ar an obair bhaile. **Cabhraigh** sí linn deacrachtaí a sháru. **Bog** sí ar aghaidh ansin chuig topaic nua.

(b) Athscríobh na briathra faoi chló trom thuas (i) san fhoirm dhiúltach agus (ii) san fhoirm cheisteach.

Sampla

Rothaíonn – ní rothaíonn – an rothaíonn?

Ceacht 2

Tabhair freagra dearfach agus freagra diúltach ar gach ceist thíos.

- An bhfeiceann tú Olly go minic?
- An éiríonn sibh go luath ar maidin?
- An mbíonn tú i mBéal an Átha mórán anois?
- An dtéann Iggy ansin gach seachtain?
- An dtiomáineann sibh ar scoil le Roger?
- An mbuaileann sé le Seonadh go minic?
- An mbuaileann tú le Taylor gach lá?

Ceacht 3

Athscríobh na habairtí seo a leanas agus bain amach na lúibíní. Bain úsáid as an aimsir ghnáthláithreach i ngach abairt.

- (Fág : sinn) an teach ar a hocht a chlog gach maidin.
- (Fág) Hiúdaí a bhosca lóin ar an tábla gach tráthnóna.
- (An : fan : sibh) le bhur seantuisí gach Nollaig?
- (Can) Taylor Swift ar feadh trí huaire ar a laghad ag gach ceolchoirm.

- (Dún) an príomhoide doras na scoile ar a sé a chlog gach tráthnóna.
- (Íoc : mé) ceithre euro as mo lón i mbialann na scoile gach lá.
- (Ól : mé) cupán caife gach maidin agus mé ag dul ar scoil.
- (Féach : mé) ar chlár *Black Mirror* ar *Netflix* gach seachtain.
- (Ní : féach) mo mhuintir ar nuacht RTÉ gach oíche anois. Is fearr linn an nuacht a fháil trí na meáin shóisialta.

Ceacht 4

Cum ceisteanna a bhféadfadh na briathra seo thíos a bheith mar fhreagraí orthu.

1 Tugann	6 Ní ólann siad
2 Foghlaimíonn	7 Ní chloiseann
3 Feiceann	8 Ní deir
4 Itheann	9 Ceannaíonn
5 Bíonn	10 Ceanglaíonn

Dialann Mhachnaimh!



Agus tú ag machnamh ar an méid a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo faoin aimsir ghnáthláitheach, déan na tascanna beaga seo a leanas.

- Breac síos ceithre phointe a d'fhoghlaim tú – agus bíodh sampla de do chuid féin agat mar léiriú ar gach ceann de do chuid pointí.
- Déan cur síos ar an gcaoi a gcaitheann tú (aimsir ghnáthláithreach) gnáthlá scoile



Elton – Réalta mór ár linne

Rugadh Elton John ar 25 Márta 1947 agus ba é Reginald Kenneth Dwight an t-ainm a tugadh air. D'athraigh sé féin a ainm go Elton Hercules John ar 7 Eanáir 1972.

Is ceoltóir den chéad scoth é Elton John, go deimhin. Tá meas ag an aos óg air le blianta beaga anuas mar gheall ar amhráin atá a ndéanamh aige i gcomhar le ceoltóirí eile



mar Dua Lipa. Is iad *Cold Heart*, *Crocodile Rock*, *Tiny Dancer* agus *Rocketman* na hamhráin is mó clú a chualathas uaidh. Níl aon dabht faoi ach gurb aoibhinn le gach duine, idir óg agus aosta, a chuid ceoil.

D'éirigh le Elton barr na gcairteacha a bhaint amach i Sasana naoi n-uaire go dtí seo – agus creideann a lán daoine go bhfuil sé chomh maith céanna le Elvis Presley!

Ceithre bliana ó shin eisíodh an scannán mór le rá *Rocketman* ar a shaol agus tugadh léargas dúinn ar shuailcí agus ar dhuailecí a bheatha.

Ceapadh Elton mar phríomh-mhír na féile Glastonbury sa bhliain 2023 agus bhí cúpla aoi-cheoltóir in éineacht leis – Brandon Flowers agus Steven Sanchez san áireamh.

Gné eile de chuid Elton John a thaitníonn go mór liom ná go bhfuil croí mór ann. Rinne an Bhanríon Eilís I ridire d'Elton sa bhliain 1998 as an obair dhaonchairdis a rinne sé ar feadh na mblianta.

Níl aon amhras faoi ach gur duine de laochra móra ár linne é Elton John!

Gluais

i gcomhar le *in co-operation with*
suáilce = dea-thréith **duáilce = drochthréith**
daonchairdeas *philanthropy* **ridire** *knight*

Freagair na ceisteanna seo.

- 1 Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi ainm Elton John?
- 2 Cad deirtear faoi cheoltóirí mar Dua Lipa?
- 3 Mínigh an tagairt a dhéantar d'Elvis Presley.
- 4 Cén bhaint a bhí ag an scannán *Rocketman* le saol Elton John?
- 5 Cén onóir a bhronn an Bhanríon Eilís I ar Elton John?



Laoch nua ar an bhfód!

Rugadh Jason Quigley i mBealach Féich, Contae Dhún na nGall sa bhliain 1991. Is dornálaí meánmheáchain é. Tá clú agus cáil ar fud an domhain anois air.

Tá trí bhonn óir Eorpacha buaite aige – an chéad cheann sa bhliain 2009, an dara ceann sa bhliain 2012 agus an tríú ceann sa bhliain 2013.

Thosaigh Jason ag dornálaíocht go gairmiúil sa bhliain 2014. Bhuaigh sé a chéad troid i gcoinne Howard Reece tar éis 82 soicind! Tá gach duine ar aon fhocal faoi chaighdeán dornálaíochta Jason anois



– agus creideann siad go n-éireoidh leis Craobh an Domhain a bhuachan amach anseo.



Gluais

meánmheáchan *middleweight*
gairmiúil = proifisiúnta
amach anseo = san am atá le teacht

Seoid mhórluachach!

Tá spéir ghorm ann. Gaineamh geal buí! Uisce chomh glan le criostal! Suite i lár Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Oileáin Árann díreach os a comhair amach!

Tá cnoic na ngrágán taobh thiar den áit – agus na dumhcha gainimh go haoibhinn. Ritheann Abhainn na Cathrach isteach san fharraige anseo.




Cá bhfuil an áit dhraíochtach seo atá i gceist agam? Trá Fhánórach i gContae an Chláir. Ar thug tú cuairt ar an trá sin riamh? B'fhiú go mór duit dul ann. D'fhéadfá do chlár surfála a thabhairt leat agus tamall a chaitheamh ar cheann de na tránna is áille ar domhan!

Gluais

Slí an Atlantaigh Fhiáin *The Wild Atlantic Way*
grágán = stocán crainn **dumhach = méile** *dune*
Abhainn na Cathrach *Caher River*
draíochtach *magical* **Trá Fhánórach** *Fanore Beach*

Crosfhocal daoibh!

(Freagraí ag deireadh na caibidle)



Trasna

- 1 álainn, níos áille, is _____ (5)
- 5 an-deas, an-bhreá (8)
- 8 ábhar a bhíonn i ndumhach (8)
- 9 áit a mbíonn grian agus scamail (5)


Síos

- 2 maoineach, an-fhiúntach (9)
- 3 chomh glan le "_____" (8)
- 4 píosa talaimh agus uisce thart ar a imeall (6)
- 6 dath an ghainimh (3)
- 7 Slí an Atlantaigh _____ (6)



Féile Veigeánach na hÉireann

1 Is iomaí saghas goile ann agus is iomaí saghas bia ann chun freastal ar na goilí éagsúla sa lá atá inniu ann. Tá ardú ar líon na ndaoine nach n-itheann aon bhia a thagann ó ainmhithe le blianta beaga anuas. Veigeáin a thugtar ar na daoine sin.



2 Tá féile dá gcuid féin ag veigeáin na hÉireann anois. Má leanann tú aiste bhia veigeánach, tabharfaidh an fhéile seo seans duit bia agus deochanna veigeánacha ó gach cearn den domhan a bhlaiseadh. Chomh maith leis sin, bíonn éadaí, smideadh agus earraí eile ar fáil ag an bhféile nach dtagann ó ainmhithe.

3 An fáth is mó a leanann daoine stíl mhaireachtála veigeánach ná go bhfuil meas acu ar ainmhithe agus ar an timpeallacht. Beidh Féile Veigeánach na hÉireann ar siúl in Óstán an Europa i mBéal Feirste ar 21 Aibreán. Rachaidh an t-airgead a bhaileofar chun sochair do *Farplace Animal Rescue*, a thugann tarrtháil ar ainmhithe gan dídean nó ainmhithe a ndéantar neamart orthu.

Gluais

veigeánach *vegan* **goile** *appetite*
aiste bhia *appetite* **tarrtháil** = **sábháil**
neamart = **faillí** *negligence*

Líonaigí isteach na bearnaí thíos!


- 1 blianta beaga ____ (Alt 1)
- 2 gach ____ den domhan (Alt 2)
- 3 chun sochair ____ (Alt 3)

Ozi – Guth na Foraoise!

1 Is dílleachta í órang-útain í Ozi atá ag iarraidh a cuid scileanna mar thionchaire a úsáid chun an fhoraois atá mar bhaile ag a clann a shábháil ón dífhoraoisiú. Ní hamháin go bhfuil an fhoraois i mbaol, ach tá tuismitheoirí Ozi ina gcónaí ann

freisin agus caithfidh sí iad sin a aimsiú.

2 Tá an comhlacht léiriúcháin, *Appian Way Productions*, de chuid Leonardo DiCaprio, ag tacú leis an scannán álainn seo agus is mian leo daoine a chur ar an eolas faoin droch-chaoi atá ar fhoraoisí báistí an domhain. Ar ndóigh, bíonn tionchar mór ag an bhforaois bháistí ar an bpláinéad uile freisin.



3 I measc na nguthanna a bheidh le cloisteáil sa scannán, cloisfear Amandla Stenberg a dhéanann guth Ozi, mar aon le Laura Dern, RuPaul, Donald Sutherland agus Djimon Hounsou, a dhéanann cuid de na guthanna eile. Is trí íomhánna ríomhghinte a úsáid a rinneadh an scannán go léir. Is é sin le rá gur ar ríomhairí a rinneadh é. Beidh *Ozi, Voice of the Forest* le feiceáil i bpictiúrlanna na hÉireann ar 11 Feabhra.

Gluais

foraois *forest* **tionchaire** *influencer*
dílleachta = **páiste gan tuismitheoirí** *orphan*
dífhoraoisiú *deforestation*
ríomhghinte *computer-generated*

Fíor nó bréagach?

- 1 Is simpeansaí í Ozi. (Alt 1)
- 2 Ní bhaineann an fhoraois bháistí linne. (Alt 2)
- 3 Is é Donald Sutherland a dhéanfaidh guth Ozi. (Alt 3)

Hermitage Green



1 Is as Luimneach don ghrúpa, *Hermitage Green*. Tháinig siad le chéile sa bhliain 2010, ach cé go mbíonn siad ag seinm ar fud an domhain agus ar fud na tíre, is aisteach an rud é nach bhfuil mórán aithne ar an mbanna iontach seo lasmuigh dá gcathair dhúchais.

2 D'eisigh siad a gcéad EP, *The Gathering*, sa bhliain 2012, agus trí bliana ina dhiaidh sin, shínigh Sony Music Ireland iad. Ag an am sin thaifead siad *Jenny*, ceann de na hamhráin is mó a mbíonn dúil ag daoine ann ag na ceolchoirmeacha. Ainmníodh na leaideanna mar Phearsana Luimnigh na Míosa cúpla mí ó shin.

3 Clúdaíonn *Hermitage Green* seánraí éagsúla ceoil, ó cheol tuaithe go rac-cheol; agus bíonn an-ráchairt ar an gcomhcheol teann a chanann an grúpa as Luimneach. Tá siad tar éis camchuairt na tíre a thabhairt le linn mhí na Nollag; agus beidh siad ar an mbóthar arís i mbliana. Murar chuala tú beo fós iad, tá pléisiúr ag fanacht leat!

Gluais

seánra *genre* ráchairt = éileamh
comhcheol *harmony*
teann = cumhachtach

Ceist agam ort!

- 1 Cár b as don ghrúpa *Hermitage Green*? (Alt 1)
- 2 Cén bhliain ar shínigh Sony Music Ireland an grúpa? (Alt 2)
- 3 Ainmnigh saghas nó seánra amháin ceoil a sheinneann siad. (Alt 3)

- 4 An fiú freastal ar cheolchoirm bheo nuair is féidir leat éisteacht le ceol ar *YouTube* nó ar *Spotify*?

Na Sé Náisiúin ar ais!

1 Tá Corn Rugbaí an Domhain thart, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil an rugbaí thart! Do dhaoine a bhfuil suim acu sa rugbaí, is cinnte gur bhaineadar sult as an bhféasta spóirt a bhí ar siúl sa Fhrainc an Fómhar seo caite.

2 Más duine de na daoine sin a leanann an cluiche rugbaí thú, gach seans gur mhothaigh tú uait an sult a bhain le Corn an Domhain agus go raibh ort tobstaonadh a dhéanamh ar an rugbaí le roinnt míonna anuas.



3 Ná bíodh inní ort anois – tá an fanacht thart! Beidh an rugbaí idirnáisiúnta ar siúl arís an mhí seo chugainn nuair a fhillfidh Craobh na Sé Náisiún. Níos tábhachtaí fós, beidh Éire ag imirt sa chéad chluiche in aghaidh na Fraince ar 2 Feabhra. Leanfaidh an comórtas ar aghaidh go dtí deireadh seachtaine na Féile Pádraig, nuair a imreoidh na hÉireannaigh in éadan na hAlban i mBaile Átha Cliath. Go n-éirí leis na buachaillí sna geansaithe glasa!

Gluais

tobstaonadh *cold turkey*

Fuascail na hAnagraim seo ón Sliocht

tcenin (Alt 1)
nsahatdootb (Alt 2)
hhadiga (Alt 3)

Lá Fhéile Pádraig i mBaile Átha Cliath

1 I gceann cúpla mí beidh Lá Fhéile Pádraig á cheiliúradh ag Éireannaigh ar fud na tíre agus ar fud an domhain – mar aon le go leor daoine ar mhaith leo a bheith ina nÉireannaigh ar an lá sin!




2 Ar an suíomh idirlín oifigiúil, deirtear gur Ceiliúradh Domhanda ar Ealaíona, Chultúr agus Oidhreacht na hÉireann a bheas san fhéile i mBaile Átha Cliath. Cé go mbíonn paráidí ina lán cathracha ar fud an domhain – le Nua-Eabhrac, ar an gceann is mó, ar ndóigh, is í paráid Bhaile Átha Cliath an ceiliúradh is mó ag muintir na hÉireann.

3 Tosóidh an mórshiúl i bpríomhchathair na hÉireann ar uair an mheán lae Dé Domhnaigh 17 Márta i mbliana. Beidh cuid de na ceoltóirí, rinceoirí agus ealaíontóirí is fearr in Éirinn le feiceáil i mBaile Átha Cliath ar an lá sin – i gcuideachta bannaí máirseála ó gach cearn den domhan. Más mian leat taispeántas den chéad scoth a fheiceáil chun naomhphátrún na hÉireann a cheiliúradh, is é Baile Átha Cliath an áit le bheith ann deireadh seachtaine na Féile Pádraig i mbliana.

Gluais

a bheas = a bheidh paráid = mórshiúl
 cruinne = domhan cearn = cúinne, áit
 den chéad scoth = den chaighdeán is airde
 naomhphátrún *patron saint*
 ceiliúir = comóir *celebrate*

Crosfhocal duit!



Trasna

- 4 láithreán gréasáin, _____ idirlín (6)
- 7 críoch (8)
- 8 seó (11)
- 9 beagán, roinnt (5)
- 10 12pm, meán _____ (3)
- 11 cruinne (6)

Síos

- 1 timpeall, ar _____ (3)
- 2 an bhliain seo (1, 7)
- 3 ar ardchaighdeán, den chéad _____ (5)
- 5 cathracha, _____ móra (6)
- 6 comóradh (10)
- 10 i gcuid mhór, ina _____ (3)

Corcaigh na bhFáiltí!



1 Agus sinn anois i lár an Gheimhridh agus sos na Nollag thart arís, gach seans go mbeidh daoine ag smaoineamh ar imeacht ón tír ar saoire. De réir na hirise *Condé Nast Traveller*, áfach, tá Éire ar an tír is cairdiúla san Eoraip agus tá Corcaigh agus Baile Átha Cliath i measc na dtrí chathair is cairdiúla san Eoraip tar éis Siena na hIodáile.

2 Más cathair chairdiúil atá uait le haghaidh sos gairid cathrach, mar sin, tá go leor le tairiscint ag Corcaigh. Agus í sa dara háit ar an liosta, is cosúil go bhfuil an chathair cois Laoi níos cairdiúla fiú ná an ardchathair. É sin ráite, is rud dearfach é go bhfuil Baile Átha Cliath ag fáil poiblíocht mhaith freisin, go háirithe tar éis drochthaithí a bheith ag roinnt turasóirí sa chathair ar na mallaibh.



3 Is cosúil go bhfuil “pearsantacht mhór” ag Corcaigh – agus go leor éagsúlachta ann maidir le bialanna, siopaí caife, dánlanna, iarsmalanna agus ionaid spóirt. Tá clú agus cáil fosta, ar ndóigh, ar an Margadh Sasanach i gCorcaigh, áit a bhfaighidh tú rogha gach bia agus togha gach dí. Más saoire in Éirinn atá uait, mar sin, ní fearr rud a dhéanfaidh tú ná cuairt a thabhairt ar an dara cathair is cairdiúla san Eoraip!

Gluais

tairiscint = ofráil ar na mallaibh = le déanaí
dánlann = gailearaí ealaíne
fosta = freisin

Tasc beag daoibh!

Obair ghrúpa


Pléigí le chéile na nithe a bheadh ag teastáil chun cathair chairdiúil a bheith ann. An gcaithfeadh gach duine sa chathair a bheith cairdiúil? Arbh fhéidir é sin fiú?

Déanadh gach duine agaibh dhá liosta de na rudaí a thaitníonn libh i gcathracha agus de na rudaí nach dtaitníonn libh.

Dog Man!

Inniu, léigh mé *Dog Man* – leabhar i bhfoirm ghrafach do pháistí. Anois, ní páiste mé, ach nach ndéirtear gur páiste gach duine a dtaitníonn rudaí leanbaí leis! Gan amhras, b’in mar a bhí agamsa. Chuir an scéal ag gáire mé – rud nach mbíonn ró-

éasca, nuair a bhíonn tú leat féin ag léamh.



Tá na pictiúir go hiontach ann – iad grafach, soiléir agus ildaite. Tá an scéal amaideach, dochreidte don duine fásta, ach má léitear trí shúile

soineanta na hóige é, taitneoidh sé go mór leat. Nach gá an díchreideamh a chur ar leataobh agus scéalta mar seo á léamh againn?

Is é Dav Pilkey, Meiriceánach, an t-údar. Agus é óg ar scoil, bháin ADHD agus disléicse dó. Bhíodh sé de shíor ag pleidhcíocht ar scoil agus chuirí amach go halla na scoile go rialta e. Ba ansin a thosaigh sé ag cur scéalta agus pictiúr le chéile. Ba mar sin a tháinig scéalta *Dog Man* agus scéalta eile ar an bhfód.

Mholfainn go láidir duit scéalta *Dog Man* a léamh. Ní hamháin go bhfuil siad ar fáil i nGaeilge, ach tá siad ar fáil i dteangacha eile fosta.

Agus má bhíonn tú i dtrioblóid ar scoil, samhlaigh na féidearthachtaí atá romhat sa saol – clú agus cáil, agus tú i do scríbhneoir, b’fhéidir!

Gluais

díchreideamh *disbelief* **de shíor = i gcónaí**
féidearthacht *possibility*

Taisteal ar an gCóras Iompair Phoiblí



Maidin inniu, thug mé síob i mo charr do mo mháthair, mar bhí uirthi dul go dtí an otharlann i lár na cathrach. Ar an mbealach isteach smaoinigh mé ar chúis mo thuais – ba é sin, nach rabhamar sásta taisteal ar an gcóras poiblí. D’amharc mé thart orm féin ar an lá gruama sin. Bhí ceathanna fada báistí – nó báisteach leanúnach – ann. Ghlac sé fiche nóiméad orm bogadh céad méadar suas an bóthar. Cén fáth, leoga, nach ar bhus a bhí mé?

San áit a raibh mé, ní raibh lána bus ná fiú bus-bhealach. Bheadh orm bus amháin a fháil ó mo bhaile go pointe faoi leith ar an mbealach – agus ansin bus eile a fháil uaidh sin go dtí an otharlann, áit nach raibh lána bus ach oiread. Ghlacfadh an chéad bhus fiche nóiméad ar a laghad, agus fiche nóiméad eile don dara bus, gan trácht ar an am fanachta ar thaobh an bhóthair, lá fuar feannaideach.

Glacann an turas ó m’árasán go teach mo mháthar, ó dhoras go doras, deich nóiméad sa charr, fiche is a cúig nóiméad ar mo rothar agus daichead is a cúig nóiméad ar bhus! Ní hé nach dtaistealaím ar bhusanna! Taistealaím, ach déanaim é sin nuair a bhíonn an t-am agam, seachas nuair a bhím faoi dheifir. Gan amhras, is é an rothar an bealach is tapúla ar fad le taisteal, ach ní fhéadfainn síob a thabhairt do mo mháthair ar rothar, ar ndóigh!

Cad fútsa? Cá fhad a ghlacann an turas is coitianta a dhéanann tú ar bhus, ar thraein, ar rothar nó i gcarr?

Gluais

síob = marcaíocht *lift* cith *shower*

otharlann = ospidéal ba é sin *namely*

leoga = muiсе feannaideach = feanntach *bitter*

Tost nó Torann?



Agus mé i mo shuí anseo, ag amharc amach an fhuinneog, tugaim trí fhuaim faoi deara – fuaim na gaoithe lá stoirmiúil, torann ó aláram tí agus bonnán charr na nGardaí ag deifriú chuig géarchéim éigin. Ritheann sé liom go bhfuil an saol nua-aimseartha, go háirithe sa chathair, lán de thorann agus gur fada uainn tost na tuaithe.

Ar éigean a éistím le ceol, ach amháin sa charr; agus is minic gur láidre i bhfad ceol mo chomharsan ar an mbóthar ná mo cheol féin. Rithim láidir dordghiotáir agus drumáí á seinm os cionn drannadh na gcarranna sa tranglam tráchta.

Sa bhaile, tagann ceol ó gach seomra, an ceol céanna, dar liom – buillí drumáí, dordghiotár torannach agus screadaíl daoine a thabharfadh amhránaithe orthu féin! Ar éigean a d’aithneoinn gur ceol atá ann, ach go gcloisim an focal sin go rialta ó na páistí.

Cad a tharla do cheol séiseach na seascaidí? Amhráin a d’fhéadfaí a chanadh! An é go mbaineann ceol a chanadh go hard láidir le blianta míréireacha na ndéag? An é go mothaíonn déagóirí gur gá ceol garbh a sheinm go láidir chun cur i gcoinne tuismitheoirí – nó chun gach rud eile a bhlocáil amach? An é sin é? Nó an é go bhfuil cluasa íogaire na seanaoise ag teacht orm féin?

Gluais

géarchéim = **práinn** *emergency*

drannadh *snarling* **dordghiotár** *bass guitar*

tranglam trácht *traffic jam*

séiseach = **ceolmhar**

míréireach = **aimhrialta** *unruly*

íogair = **goilliúnach** *distressing*

Cara an duine!



Deirtear gurb é an madra an cara is fearr ag an duine agus is deacair é sin a shéanadh. Má bhíonn peata agat sa bhaile tuigfidh tú díreach an rud atá i gceist. Bhí madra sa bhaile againne ó bhí mé seacht mbliana d'aois.

Snowy an t-ainm a bhí air agus ba é an cara ab fhearr a bhí agam riamh é.

Bhí sé beag, bán agus bhí ‘guth’, más féidir guth a thabhairt air, an-íseal aige. Shíl daoine a thagadh chuig an doras gur mhadra mór é, ach níorbh fhíor sin in aon chor! Nuair a bhínn thíos, thagadh sé chugam agus chuireadh sé a chloigeann ar mo ghlúine, d’amharcadh sé suas orm lena shúile móra donna, lán de chomhthuiscint, de ghrá agus de chomhbhá.

Lá amháin bhí mo theaghlach ar fad bailithe le chéile ag amharc ar an teilifís. Bhí scannán an-bhrónach ar siúl agus, ag an deireadh, fuair an príomhcharachtar bás. Bhí na deora ag sileadh ó mo shúile nuair a tháinig mo mhadra beag galánta trasna chugam agus ligh sé na deora de m’aghaidh. Ní dhearna aon duine eile i mo theaghlach iarracht sólás a thabhairt dom seachas mo mhadra beag dílis. Faraor, bhí orainn é ‘a chur síos’ ar mo bhreithlá 21. Ní gá a rá go raibh mé croíbhriste. Bím ag brionglóideach faoi go fóill, a oiread sin blianta ina dhiaidh.

Gluais

séan *deny* **ligh** *lick*

Déan a oiread focal agus is féidir leat ó na litreacha M A D R A Í
Seo ceann amháin duit: am.

Lá suimiúil!

An deireadh seachtaine seo caite shocraigh mé féin agus mo chara Cáit dul go Trá Lí chun cúpla lá a chaitheamh le m’aintín. Maidin Dé Sathairn thug Daid síob dúinn go dtí an stasiún traenach.



Shuíomar síos go compordach agus bhíomar ar mhuin na muice. Aistear ceithre huaire an chloig a bhí romhainn agus chaitheamar seal ag cabaireacht le chéile, ag ól uisce agus ag súgradh lenár bhfóin phóca. Bhí go maith is ní raibh go holc go dtí gur shroicheamar stáisiún beag tuaithe.

Go tobann chualamar gach aon scréach ó na rothaí agus stad an traein. Baineadh geit asainn agus d’fhéach chuile dhuine amach na fuinneoga. Chonaic mé comhartha san fhéar ar thaobh na láimhe clé – *Crosaire Comhréidh*. Tháinig fear isteach sa charráiste agus dúirt sé linn fanacht inár suí agus gan aon doras a oscailt. Chonaiceamar soilse gorma ag caochadh agus chualamar bonnáin ag séideadh.

“Cad a tharla?” arsa Cáit le duine de na Gardaí.

“Bhuel,” arsa an Garda, “bhí carr ag trasnú an chrosaire agus theip ar inneall an chairr. Bhí an t-ádth orainne, mar insíodh dúinn go raibh carr ar an gcrosaire agus bhí go leor ama againn chun an traein a stopadh.”

Tar éis tamaill chonaiceamar leoraí mór agus tógadh an carr amach as an mbealach. Níorbh fhada ansin gur bhog an traein ar aghaidh i dtreo Thrá Lí. Le linn dúinn a bheith ag imeacht, chonaiceamar fear, bean agus triúr páistí ina seasaamh taobh leis an gcrosaire agus ceann faoi orthu.

Nuair a shroiceamar Staisiún traenach Thrá Lí, bhí Aintín Nóra agus Uncail Tom ann romhainn. Rugadar beirt barróga móra orainn. Níor thóg sé ach leathhuair an chloig orainn an teach feirme a bhaint amach. Nuair a thuirlingíomar den charr sa chlós feirme chualamar ba ag géimneach agus caoirigh ag méileach ar an gcnoc. Thaispeáin Aintín Nóra ár seomra leapa dúinn agus níorbh fhada gur bhuaileamar le mo chol ceathracha, Liam agus Siobhán.

Ar a sé a chlog glaoth chun dinnéir muid agus, mise á rá leat, gur itheamar ár sáith. Tar éis an dinnéir nígh mé féin agus Cáit na soithí agus thriomaigh Liam iad. Ansin chaitheamaar seal ag breathnú ar an teilifís. Thart a deich a chlog thosaigh mé ag míogarnach ar an tolg agus mhol m'aintín dúinn dul a luí. Dhreapamar an staighre, luíomar ar ár leapacha agus níor dhúisíomar go dtí a deich a chlog an mhaidin dár gcionn!

Gluais

cabaireacht *chatting* **scréach** = **scread**
crosaire comhréidh *level crossing*
barróg *hug* **míogarnach** *dozing* **tolg** *sofa*

Ríomhphost – Titanic!

Hi, a Pheadair!

Beatha agus sláinte Tá súil agam go bhfuil tú féin agus do mhuintir i mbarr na sláinte. Níl cíós, cás ná cathú orainne anseo i gContae na Gaillimhe. Fan go gcloise tú mo scéal!



Faoi mar is eol duit go maith, tá an-spéis ag mo Dhaid i gcúrsaí staire – agus go háirithe i scéal an *Titanic*. Ba é an comhlacht, Harland and Wolff, a thóg an *Titanic* – sna duganna i mBéal Feirste. Bliain go leith a thóg sé ar 10,000 oibrí an jab a chríochnú agus, faoi dheireadh, lainseáladh an long ar 31 Bealtaine 2011.

Léim mé féin, Mam agus Daid isteach sa charr, pé scéal é, agus bhíomar ag na duganna ag an *Titanic* taobh istigh de thrí huaire an chloig! Cheannaigh Daid na ticéid agus isteach linn!



Tá músaem an *Titanic* an-ard agus cuma chnoc oighir air ón taobh amuigh. Leanann an cuairteoir scéal an *Titanic* ó na duganna go dtí óiche na tragóide, nuair a bhuaíl an long cnoc oighir thart ar uair an mheán oíche ar 14 Aibreán 2012. Thóg sé thart ar dhá uair an chloig ar an long dul go tóin poill. Cailleadh 1,512 daoine idir fhir agus mhná agus bádh an-chuid paistí leis.

Sábháladh suas is anuas le 750 ón mbá nuair a tháinig an long, an *Carpathia*, i gcabhair orthu. Tá an taispeántas sa mhúsaem go hiontach agus é lán de ghrianghraif, fiseáin, léaráidí agus fíricí. Bhain an triúr againn taitneamh mór as an taispeántas iontach.

Nuair a tháingamar amach as an músaem bhí goile Chónain orainn. Thiomáin Daid go dtí lár na cathrach agus d'itheamar béile an-bhlasta. Bhuaileamar bóthar go gairid ina dhiaidh sin.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar mo chuairt ar an *Titanic* agus is cinnte go rachaidh mé ar ais arís. An dtiocfá liom?

Do chara,

Éanna.

Gluais

guagach = **míshocair** **fíric** *fact*
goile Chónain *huge appetite*

Post de dhíth?



- Muireann** Dia duit ar maidin, a Chaitríona. Cá bhfuil do thriall?
- Caitríona** Dia is Muire duit féin, a Mhuireann. Tá mé ar mo bhealach go dtí an t-ionad siopadóireachta. Bhí fógra ar an idirlíon go raibh oibrithe páirt-aimseartha á lorg do na díolacháin atá ar siúl faoi láthair. Mar sin, dúirt mé liom féin go ndéanfainn iarracht post deireadh seachtaine a fháil i gceann de na siopaí éadaigh!
- Muireann** Sin smaoineamh maith, a Chaitríona. Cad faoi na coinníollacha oibre?
- Caitríona** Bhuel, níl a fhios agam. Fiú mura bhfaighim ach an t-íosphá oifigiúil, beidh mé sásta leis sin. Is féidir le daoine cosúil linne, atá fós ar scoil, a bheith ag obair oíche Dé hAoine agus i rith an lae ar fad Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.
- Muireann** Ní féidir liomsa cur isteach ar phost mar sin go fóill, a Chaitríona, mar beidh orm an scéal a phlé le mo thuismitheoirí roimh ré.
- Caitríona** Tuigimse é sin go maith, a Mhuireann. Bhí orm féin an scéal a phlé le Mam agus le Daid aréir. An bhfuil a fhios agat, tá mé neirbheach anois!
- Muireann** Ná bí buartha, a Chaitríona. Táim cinnte go n-éireoidh leat post éigin a fháil.
- Caitríona** Go raibh maith agat, a Mhuireann. Tugann sé sin misneach dom.

Tugaimis aire dóibh!

An gcreidfeá go bhfuil an líon is mó dobharchúnna san Eoraip in Éirinn? De réir na suirbhéanna is déanaí, tá dobharchúnna le fáil i 90% d'aibhneacha agus d'uiscebhealaí an oileáin seo. É sin ráite, níl aon dabht faoi ach go bhfuil an dobharchú thar a bheith

leochaileach agus faoi bhrú in áiteanna ar fud na hEorpa. Déanta na fírinne, tá an speiceas seo i mbaol a dhíoithaithe in áiteanna



éagsúla ar fud na hEorpa, in Éirinn ach go háirithe. Cé go bhfuil siad forleathan i gceantair áirithe anseo, is annamh a fheictear iad, mar is ainmhithe seachantacha faiteacha iad. Tá radharc súl iontach acu agus srón ghéar leis. Bíonn na cluasa ar bior acu i gcónaí agus, nuair a chloiseann siad daoine nó ainmhithe eile, teitheann siad go beo uathu!

Bíonn an dobharchú idir 55cm agus 130cm ar fad agus meánn sé idir 5kg agus 12kg. De ghnáth, bíonn an dobharchú fireann níos mó ná an ceann baineann. Is ainmhí amfaibiach é, ar ndóigh. Is aoibhinn leis uisce agus caitheann sé a shaol iomlán ann, geall leis. Tugann an corp fada sleamhain agus na cosa gearra cumhachtacha cumas mór gluaiseachta dó san uisce. Nuair a thumann sé san uisce dúnann sé a chluasa agus a phollairí chun an t-uisce a choinneáil amach agus coimeádann a chóta tirim go deas te é sa Gheimhreadh.

Codlaíonn an dobharchú in uachais, ar a dtugtar 'poll madra uisce'. Tógtar an poll seo faoi fhréamhacha na gcrann ar phort abhann nó ar phort locha. Le linn an chlapsholais tagann an dobharchú amach as an bpoll agus tosaíonn sé ag fiach an bhia is ansa leis – éisc, froganna nó mamacha beaga. Nuair a bheireann sé ar an mbéile, baineann sé talamh tirim amach agus itheann sé an chreach.



Toisc go bhfanann na coileáin leis an máthair ar feadh bliana nó mar sin, tagann dobharchúnnna ar an saol gach dara bliain. Bíonn na coileáin dall nuair a thagann siad ar an saol agus ní osclaíonn siad a súile go ceann 35 lá ina dhiaidh sin.

Is iontach go bhfuil an líon dobharchúnnna chomh hard sin in Éirinn anois, ach tá baol mór ann dóibh. Is iad na nithe is mó a bhíonn ag

bagairt orthu ná truailliú an uisce agus daoine a bheith cóngarach dóibh. Tugaimís aire do na hainmhithe speisialta seo!

Gluais

dobharchú = madra uisce *otter* **speiceas** *species*

leochaileach = íogair *fragile* **díothú** *elimination*

seachantach = cúthail *shy* **faitheach = eaglach**

ar bior = ullamh, réidh **tum** *dive*

geall le = beagnach

amfaibiach = in ann maireachtáil ar uisce nó ar talamh

polláire = poll sróine *nostril*

uachais = pluais *cave*

fréamh *root* **clapsholas** *twilight*

mamach *mammal*

creach *plunder* **coileán** *pup*

Aisteoir ilchumasach!

I lár an tSamhraidh tháinig an scannán *Oppenheimer* chuig gach pictiúrlann ar domhan – an tír seo san áireamh. Ba é Christopher Nolan stiúrthóir an scannáin agus ba é Cillian Murphy, a rugadh agus a tógadh i gCorcaigh, a ghlac páirt J Robert Oppenheimer, athair an bhuama adamhaigh, ann.

Tá Cillian ar an mbóthar mar aisteoir le fada an lá – agus chonaiceamar roimhe seo é i scannáin eile de chuid Christopher Nolan – *Batman Begins*, *The Dark Knight* agus *Inception*, mar shampla. Anuas air sin, ghlac sé páirt sa chlár, *Peaky Blinders*, a raibh



an-tóir air i measc lucht féachana teilifise in Éirinn agus sa Bhreatain.

D'éirigh go maith le Murphy san Ardeist agus bhí sé i gceist aige céim a dhéanamh sa dlí, ach ba bheag suim a bhí aige sa dlí, dáiríre, agus d'éirigh sé as! Ansin chaith sé seal i ngrúpa rac-cheoil, ach níorbh fhada gur chas sé ar an aisteoireacht.

Sa bhliain 2004 pósadh é le Yvonne McGuinness. Bhí beirt mhac acu agus iad i Londain, ach d'fhill siad ar Éirinn sa bhliain 2015. Ghlac Cillian páirt sa scannán, *The Wind That Shakes The Barley*, le Ken Loach. Sa scannán sin, ba bhall den IRA le linn Chogadh na Saoirse é Cillian. Bhain an scannán sin an *Palme d'Or* amach ag Féile Scannán Cannes sa bhliain 2006.



Éiríonn thar barr le Cillian sa scannán *Oppenheimer*. Ba dhuine thar a bheith meabhrach, ach casta, é J Robert Oppenheimer agus éiríonn le Murphy gach gné den charachtar cráite sin a léiriú don

lucht féachana. Rinne *Oppenheimer* \$174 milliún le linn na chéad seachtaine. cé nár chosain an scannán ach \$100 milliún!

Chuaigh na scríbhneoirí in Hollywood ar stailc chun pá agus coinníollacha oibre ní b'fhearr a fháil – agus is cinnte go mbeidh tionchar ag an stailc sin ar na scannáin atá ar na bacáin faoi láthair.

B'fhiú daoibh taighde a dhéanamh ar J Robert Oppenheimer! Is fear annamh é!

Gluais

ilchumasach = **ildánach** *versatile*

buama adamhach *atomic bomb*

meabhrach = **éirimiúil** *intelligent*

cráite *tormented* **ar na bacáin** = **á bpleanáil**
annamh = **neamhchoitianta**

Buntáistí biolair



Pictiúr de bhiolar a d'fhás Míne Mhic Cóil

Is iontach an glasa é biolar. Bíonn an-chuid buntáistí ag baint leis. Sa lá atá inniu ann leagtar an-bhéim ar ghlasraí. Deirtear go mbíonn siad an-mhaith don tsláinte. Moltar dúinn leath pláta de ghlasraí a bheith againn ag béile mór an lae. Áirítear biolar i measc na dtrí ghlasra déag is fearr dúinn.

Is féidir paicéad beag síolta biolair a cheannach agus bíonn an-chuid síolta i ngach paicéad.

Tá sé fíoréasca an glasa seo a fhás. Bíonn trí rud uait – páipear cistine nó olann chadáis, uisce agus tráidire beag. Níl le déanamh ach an páipear cistine nó an olann chadáis a leagan ar thráidire beag agus é a fhliuchadh le huisce fuar. Scaiptear brat amháin síolta anuas air sin agus clúdaítear é le páipéar cistine tirim.

Leag an tráidire síos in áit dhorcha. Ná lig don pháipéar faoi na síolta triomú amach ar fad. Bain an páipear den bharr tar éis dhá lá agus leag an tráidire síos in áit gheal teolaí. Beidh an biolar fásta agus réidh le hithe tar éis 6-8 lá. Má leanann tú ort ag cur na síolta go rialta mar sin beidh biolar ar fáil duit ó cheann ceann na bliana!

Bíonn biolar an-áisiúil i gceapairí agus cuireann sé go mór le ceapaire liamháis, cáise nó sicín.

Is féidir anraith álainn a dhéanamh le biolar freisin. Tá an t-oideas ar fáil duit sa chéad sliocht eile thíos.

Bain triail as, mar táimse ag rá leat go mbeidh fáilte roimh anraith blasta mar é i bhfuacht an gheimhridh!

Gluais

olann chadáis *cotton wool* **tráidire** *tray*
teolaí *warm* **liamhás** *ham*

Sa ghreille thíos aimsigh na focail/frásaí sa cholún ar chlé a bhfuil a mhalairt de bhrí leo sa cholún ar dheis.

1	buntáistí	A	fadó
2	álainn	B	ag baint
3	blasta	C	gránna
4	ag cur	D	mí-áisiúil
5	beag	E	leamh
6	áisiúil	F	an Samhradh
7	fuar	G	míthairbhí
8	an Geimhreadh	H	te
9	sa lá atá inniu ann	J	fliuch
10	tirim	K	mór

Anraith biolair

An bhfuil aon rud chomh deas le babhla te anraith ar lá fuar? Seo dhuit oideas simplí d'anraith biolair!

Ach an mbeadh ionadh ort a chloisteáil gur anraith do gach séasúr é seo, mar is féidir é a dháileadh te nó fuar? Mar sin, is féidir taitneamh a bhaint as ar lá breá Samhraidh freisin!

Comhábhair

1 oinniún meánmhéide
1 práta beag
25g im nó margairín
lán glaise biolair
284 ml bainne
300 ml stoc glasraí
salann agus piobar
60 ml uachtar



Modh

- Gearr an t-oinniún agus an práta ina bpíosaí beaga.
- Leáigh an t-im i sásan agus sótáil an t-oinniún ann.
- Cuir an práta, an biolar, an bainne agus an stoc leis.
- Lig dóibh fiuchadh.
- Ísligh an teas
- Cuir claibín ar an sásan agus lig don anraith cócaireacht ag teas íseal ar feadh fiche nóiméad.
- Leachtaigh é le cumascóir.
- Seiceáil go bhfuil dóthain salainn agus piobair ann.
- Cuir an t-uachtar leis agus déan é théamh arís go cúramach ar theas íseal.
- Dáil é le beagán biolair nó peirsile ar a bharr.

Gluais

meánmhéide *medium size(d)* lán glaise *handful*
leáigh *melt* sótáil *sauté*
fiuchadh = beiriú *boil*
claibín = clúdach *lid* leachtaigh *liquidise*
cumascóir *blender*

comhrá. Ach an bhfuil an íomhá sin seánaimseartha anois? Cé chomh fada uainn is atá an lá nach mbeidh tine oscailte le feiceáil i dteach ar bith sa tír?

De bharr rialacha nua tógála agus treoracha eile ón Aontas Eorpach, tá an-chuid tithe sa tír seo á dtógáil gan simléar. Ciallaíonn sé sin nach lasfar tine go deo sna tithe sin. Ar ndóigh, ní chiallaíonn sé go mbeidh na tithe fuar. Mar gheall ar chóras éagsúil teasa, tá gach seans go mbeidh siad níos teo agus níos compordaí ná riamh.

Nach spéisiúil go gciallaíonn an focal *focus* sa Laidin ‘tinteán’, áfach! Léiríonn sé sin go bhfuil athrú mór tagtha ar an saol – agus, le himeacht na tine, imeoidh an tinteán. Níor mhaith liom a cheapadh go n-imeoidh a raibh i gceist leis an tinteán sa teach, áfach.

Is léir go bhfuil gá againn ar fad le háit chónaithe a bhfuil ceangal againn leis, áit ar a dtugaimid ‘baile’. Is breá linn go léir teacht abhaile agus a bheith sa bhaile. Is maith linn, , fanacht i dteagmháil le daoine atá ‘as baile’ freisin.



Níl aon tinteán mar do thinteán féin!

Níl aon tinteán mar do thinteán féin! Chomh luath is a léimid an seanfhocal sin, tagann íomhá de thine isteach inár n-intinní. Tine bhreá mhór, lá fuar Geimhridh, daoine ina suí ag caint is ag

Déanaigí plé ar na pointí seo thíos.

- Ní fada uainn an lá nach mbeidh tine ar lasadh i dteach ar bith in Éirinn.
- Is beag rud atá chomh deas le tine bhreá mhór, lá fuar Geimhridh.
- Tá gá ag gach duine le ‘baile’.

- Is maith linn fanacht i dteagmháil le daoine atá as baile. Déanaigí plé ar na bealaí ina ndéanaimid é sin.
- Ba cheart dúinn i bhfad níos mó a dhéanamh ar son daoine atá gan dídean.

Scríobhaigí trí abairt a léiríonn go dtuigeann sibh an difríocht idir *abhaile*, *sa bhaile* agus *as baile*.

Niamh Ní Dhrisceoil



Tá clú agus cáil ar Niamh Ní Dhrisceoil, duine a bhfuil éacht mór déanta aici – an chéad bhean riamh in Éirinn a fuair post mar chaptaen ar bhád farantóireachta!

Is as Ceann Cléire in iarthar Chorcaí do Niamh. Ní haon stráinséirí ar an oileán iad muintir Uí Dhrisceoil, ar ndóigh. Tá an seachtú glúin díobh ina gcónaí ann anois!

Bhí ar Niamh staidéar a dhéanamh chun ceadúnas a fháil mar chaptaen báid. Mar chuid den scrúdú deiridh a bhí aici, bhí uirthi an bád a stiúradh ó Dhún na Séad go Ceann Cléire, aistear nócha nóiméad. Cé go raibh pas maith faighte aici sa scrúdú nuair a shroich sí an t-oileán, ní raibh sí in ann a scíth a ligean fós, mar bhí uirthi an scrúdaitheoir a thabhairt ar ais go dtí an mhíntír!

Tá post ag Niamh mar mhúinteoir scoile agus oibríonn sí go páirtaimseartha mar chaptaen báid. Baineann sí an-taitneamh as a cuid oibre ar an mbád agus as saol an oileáin. Tá baint aici le grúpa atá ag iarraidh tithe a chur ar fáil ionas go mbeidh níos mó daoine in ann teacht chun cónaithe san áit is ansa léi ar domhan!

Gluais

Ceann Cléire *Cape Clear* **farantóireacht** *ferry*

Dún na Séad *Baltimore*

míntír = mórtír *mainland*

éacht = gníomh gaisce **is ansa léi = is fearr léi**

Obair bheirte

Ag obair i mbeirteanna, freagraigí na ceisteanna thíos ó bhéal.

- 1 Cén t-éacht atá déanta ag Niamh Ní Dhrisceoil?
- 2 Cén fáth, dar libh, ar thaitin a háit dúchais léi?
- 3 An dóigh libh gur post dúshlánach é post an scipéara?
- 4 An bhfuil aon obair dhúshlánach ar intinn agaibh féin a dhéanamh amach anseo?
- 5 An dóigh libh go bhfuil cuid de na tréithe céanna ag teastáil ón múinteoir agus ón scipéir báid?
- 6 An bhfuil sé tábhachtach cur le daonra na n-oileán timpeall na tíre?
- 7 Bíonn deis ag daoine dul go hInis Oirr agus tamall a chaitheamh sa mheánscoil ann. Ar mhaith libh é sin a dhéanamh?
- 8 Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an saol ar oileán beag, dar libh?
- 9 Cén áit is ansa libh ar domhan?
- 10 Céard é an rud is fearr faoin áit a luaigh sibh mar fhreagra ar cheist 9?

Seirbhís Taistil Phoiblí in Éirinn

Le tamall anuas tá go leor cainte faoin athrú aeráide. Deirtear go gcaithfimid ar fad iarracht a dhéanamh an t-aer a choinneáil glan. Ba chóir dúinn, mar sin, siúl nó dul ar bhus nó ar thraein seachas a bheith ag taisteal i gcarranna. Ach an bhfuil sé sin praiticiúil in Éirinn?


Is beag áit faoin tuath ina bhfuil seirbhís mhaith bus ar fáil. Le déanaí rinneadh iarracht feabhas éigin a chur ar an tseirbhís, afach, nuair a cuireadh busanna áitiúla ar fáil. Tógann na busanna seo daoine chuig bailte inar féidir leo bus eile nó traein a fháil. Ach tá fadhb mhór ann! Bíonn ar go leor daoine faoin tuath dul chuig an

mbus sa charr, mar bíonn na stadanna bus i bhfad rófhada óna dtithe cónaithe!

Le fada an lá san Eilbhéis is féidir le daoine dul áit ar bith sa tír ar an gcóras taistil poiblí. Ach má bhíonn daoine sa tír sin ag iarraidh dul ar an mbus beag áitiúil bíonn orthu glaoch agus ansin tagann an bus chuig an teach chun iad a bhailiú. Meas tú an éireadh leis an bplean sin in Éirinn?

Crosfhocal daoibh!

Freagraí ag deireadh na caibidle!



Trasna

- 1 gluaisteán (4)
- 2 feithicil mhór a iompraíonn paisinéirí (3)
- 6 maitheas, biseach (7)
- 7 feithicil mhór a ritheann ar línte iarainn (6)
- 8 triail (8)
- 10 do thír féin (4)
- 13 feidhmiúil, in úsáid (11)
- 14 scéim, seift (5)

Síos

- 1 modh ordúil oibre (5)
- 3 freastal, friotháil (8)
- 4 coitianta, ginearálta, gan a bheith príobháideach (6)
- 5 baill den chine daonna (6)
- 6 deacracht (5)
- 9 an sórt aimsire in aon áit (6)
- 11 ceantach, logánta (7)
- 12 gan a bheith salach, gan smál (4)

Coirnich

Ní raibh

coirnich sa tír seo le dhá chéad bliain anuas. “Cad is coirneach ann?” a deir tú. Bhuel, éan mór álainn is ea an coirneach. Is éan creiche meánmhéide é freisin. Tá corp donn agus



cloigeann bán air agus dath bán faoi bhun an choirp. Is éin imirceacha iad agus is minic a thugtar faoi deara iad ag dul chuig an Aifric nó ag filleadh. Le fada an lá bíonn siad le feiceáil go rialta in Albain. Is breá leo éisc agus is beag rud eile a itheann siad. Bíonn gob crúcach acu a chabraíonn go mór leo déileáil leis na héisc.

Déanann siad a nead ag barr crainn de ghnáth. Filleann siad ar an nead céanna bliain i ndiaidh bliana, ach leanann siad orthu ag cur leis an nead. Dá bharr sin, is féidir leis an nead a bheith mór agus fairsing.

Ach an Samhradh seo caite bhí dea-scéal fúthu i gContae Fhear Manach. Ón mbliain 2021 bhí fear, darb ainm Giles Knight, ag faire ar dhá éan a tháinig go dtí an ceantar agus a d’fhill ar a nead le dhá bhliain anuas. Nach air a bhí an ríméad nuair a chonaic sé an dá éan céanna agus trí éan óga in éineacht leo!

Gluais

coirneach *osprey*

éan creiche = éan a mharaíonn éin eile *bird of prey*

meánmhéide = measartha mór

imirceach *migratory*

crúcach *hooked*

Meaitseáil Focal, bunaithe ar an sliocht thuas ag deireadh na caibidle!

Ar an tSráid – Cuid a Dó

Tháinig an duine ní ba chónagaráí dó.
Bhí croí Chaoláin ag bualadh ar mire ina ucht.

Cé... cé... thusa?
Níl airgead ar bith agam...

Dhruid an duine dorcha-isteach ní ba chónagaráí arís.

An ... an tusa Caolán?
Caolán Ó Dúill?

Glór mná a bhí ann. Ar aithin sé an glór? Ní raibh sé cinnte.


Is... is mé. Cé thusa?

Shuigh an bhean ar a gogaide os comhair
Chaoláin agus, den chéad uair, fuair sé
spléachadh ar a haghaidh.
Ba ansin a d'aithin sé í.

Brídín, an... an é sin tusa?

Is é. Mise atá ann.


Ar an tSráid (ar leanúint)




Bhí Brídín ina cara ag a mháthair.
D'imríodh siad badmantan le chéile agus bhíodh
siad ag cuartaíocht ar a chéile go minic.
Ba chuimhin leis í a fheiceáil ag tórramh a mháthar.

Buíochas le Dia gur
aimsigh mé thú.
Bhíomar cailte leis an imní
ó d'imigh tú.

Níl... níl mé ag dul abhaile.



A Chaoláin,
tá seachtain caite ag d'athair
ag siúl na sráideanna
do do chuardach.




D'fhéach Caolán go ceisteach uirthi,
amhail is nár chreid sé a raibh á rá aici.



Níl mé ag dul abhaile.

Maith go leor, a thaisce,
ach tiocfaidh tú abhaile liomsa.
Tá bia agus leaba de dhíth ort.



Thoiligh Caolán dul abhaile léi.
Cuireadh isteach sa chithfholcadh é
agus d'ith sé greim bia go craosach.
Chomh luath is a bhain sé an leaba amach,
thit codladh trom air.

Katie Fleming

Ar an tSráid (Cuid a Dó)

(Téacs an scéil)

Tháinig an duine ní ba chóngaraí dó. Bhí croí Chaoláin ag bualadh ar mire ina ucht.

“Cé... cé... thusa? Níl airgead ar bith agam...”



Dhruid an duine dorcha isteach ní ba chóngaraí arís.

“An ... an tusa Caolán? Caolán Ó Dúill?”

Glór mná a bhí ann. Ar aithin sé an glór? Ní raibh sé cinnte.

“Is... is mé. Cé thusa?”

Shuigh an bhean ar a gogaide os comhair Chaoláin agus, den chéad uair, fuair sé spléachadh ar a haghaidh. Ba ansin a d’aithin sé í.

“Brídín, an... an í sin tusa?”

“Is í. Mise atá ann.”

Bhí Brídín ina cara ag a mháthair. D’imríodh siad badmantan le chéile agus bhíodh siad ag cuartaíocht ar a chéile go

minic. Ba chuimhin leis í a fheiceáil ag tórramh a mháthar.

“Buíochas le Dia gur aimsigh mé thú. Bhíomar cailte leis an imní ó d’imigh tú.”

“Níl... níl mé ag dul abhaile.”


“A Chaoláin, tá seachtain caite ag d’athair ag siúl na sráideanna do do chuardach.”

D’fhéach Caolán go ceisteach uirthi, amhail is nár chreid sé a raibh á rá aici.

“Níl mé ag dul abhaile.”

“Maith go leor, a thaisce, ach tiocfaidh tú abhaile liomsa. Tá bia agus leaba de dhíth ort.”

Thoiligh Caolán dul abhaile léi. Cuireadh isteach sa chithfholcadh é agus d’ith sé greim bia go craosach. Chomh luath is a bhain sé an leaba amach, thit codladh trom air.



Gluais

gogaide *hunkers*

spléachadh = **amharc** *glance*

cuartaíocht *visiting*

tórramh = **sochraid/faire**

craosach = **ocrach**

Ar an tSráid – Obair daoibh!

Glór mná a bhí ann. Ar aithin sé an glór? Ní raibh sé cinnte.



Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus sibh ag féachaint ar na pictiúir sa scéal grafach. Ansin léigí siar ar an scéal ar an leathanach roimhe seo.

Freagraí na ceisteanna seo a leanas.

- 1 “Is... Is mé.” Cén cheist a bhí á freagairt ag Caolán nuair a dúirt sé an méid sin?
- 2 Cé acu a chuir an cheist sin air? Bean nó fear?
- 3 Conas a mhothaigh Caolán nuair a bhí an duine sin ag druidim isteach chuige? An dóigh leat go raibh eagla air?
- 4 Scríobh cúpla abairt faoin gcaoi ar mhothaigh Caolán le linn dó a bheith as baile, dar leat?
- 5 An dóigh leat go raibh an ceart ag an mbuachaill imeacht ó bhaile sa chéad áit? Cén fáth?

Cúpla tasc daoibh – Obair Bheirte

- Scríobhadh gach duine agaibh cúpla abairt faoin gcaoi a dtarlaíonn easaontas (*disagreement*) sa ghnáth-theaghlach.
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas féin os comhair an ranga.

Cuir críoch leis an scéal seo thíos. (Alt!)

- Bhí Sibéal tinn tuirseach den saol. Phacáil sí mála agus shleamhnaigh sí amach as an teach i ngan fhios don teaghlach...

Ceisteanna eile daoibh!

- 1 Bhí croí Chaoláin ag bualadh ar mire ina ucht. Cén fáth a raibh sé sin ag tarlú dó, dar leat?

- 2 Scríobh cúpla abairt faoin sórt saoil a bhí ag Caolán ag tús an scéil, dar leat.
- 3 An dóigh leat go mbíonn fadhbanna, mar a bhí ag Caolán, ag mórán deagóirí na laethanta seo? Scríobh alt gairid faoi sin.
- 4 “A Chaoláin, tá seachtain caite ag d’athair ag siúl na sráideanna do do chuardach.” Cén éifeacht a bhí ag na focail sin ar Chaolán, i do thuairimse?
- 5 D’fhéach Caolán go ceisteach uirthi, amhail is nár chreid sé a raibh á rá aici. Cad chuige a raibh sé deacair dó an bhean a chreidiúint?



- 1 Cé atá ag caint le Caolán sa phictiúr thuas, dar leat?
- 2 “Buíochas le Dia gur aimsigh mé thú,” arsa an bhean le Caolán. Cad a bhí gceist aici?
- 3 Níl... níl mé ag dul abhaile,” arsa Caolán. Cén fáth nach raibh sé sásta dul abhaile?
- 4 Thoiligh Caolán dul abhaile léi. Cad chuige ar athraigh sé a intinn?
- 5 Céard é an chéad rud a rinneadh nuair a bhain Caolán a bhaile amach?
- 6 Cén sórt oíche codlata a bhí aige, i do thuairimse?

Cluastuiscint (CD2) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cé a d'eisigh an fógra seo?	
Ainmnigh an scéim a luaitear.	
Cad deirtear faoi pháistí a bhíonn gníomhach ar a mbealach ar scoil?	
Cén dea-scéal atá ann don phobal ar fad?	

Fógra a Dó

- Cén post atá ar fáil?

- Ainmnigh an eagraíocht atá i mbun an tsiopa?

- Luaigh cáilíocht amháin a bheidh ag teastáil don phost.

- Cén spriocdháta a bheidh i gceist?

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- Cathain nach mbíonn Tomás ar a shuaimhneas ag caint?

- Cén sórt ceoil a thaitníonn leis?

- Cathain a bhí Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl?

An Dara Mír

- Cén scéal mór a bhain geit mhór as Tomás?

- Breac síos rud amháin a deir sé faoi Shinéad O'Connor.

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- Ainmnigh an tslí bheatha atá ag Brónagh.

- Cén spórt is mó a bhfuil suim aici ann?

An Dara Mír

- Déan cur síos ar an bhfadhb a bhí ag foireann na Mí sa dara leath.

- Tabhair píosa amháin eolais faoin scoil ina bhfuil Brónagh ag obair.

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Méid daoine a fuair bás de bharr teasa	
Trí thír ina raibh na rátaí báis an-ard?	
Breac síos an seanfhocal a luaitear.	

Píosa a Dó

- Luaigh rud amháin a tharlaíonn istoíche.

- Cá dtarlaíonn sé?

- Tabhair píosa amháin eolais faoinar tharla don turasóir Meiriceánach.

Cluastuiscint (CD3) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

An gnáth-thuarastal don phost	
Dhá cheann de na cáilíochtaí	
Duine a thabharfaidh tuilleadh eolais	
Dáta chun iarratais a bheith istigh?	

Fógra a Dó

- Luaigh an cluiche atá i gceist.

- Cá mbeidh an cluiche ar siúl??

- Cá raibh Corn an Domhain sa Rugbaí ar siúl?

- Cén cnaipe is gá a bhrú?

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- Cad é an nuacht is déanaí, dar le Seodhla?

- Ainmnigh an post atá ag Jack Chambers.

- Luaigh cúis amháin le timpistí bóthair in Éirinn.

An Dara Mír

- Cathain is mó a tharlaíonn na timpistí is measa?

- Tabhair pointe **amháin** eolais faoina bhfuil Tomás ag súil leis.

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- Cén sórt ceoil a sheinneann *Kneecap*?

- Tabhair dhá phíosa eolais faoi bhaill an ghrúpa.

An Dara Mír

- Cathain a d'éisigh an grúpa albam úr?

- Luaigh an t-ábhar a bheidh i gceist sa 'scannán fada'.

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Líon dailcheantar sa chéad olltoghchán eile	
Líon daoine ina gcónaí sa tír seo	
Líon Teachtaí Dála atá ceadaithe	

Píosa a Dó

- Cathain a osclaíodh an cainéal nua?

- Luaigh an aoisghrúpa atá i gceist.

- Cé hí Karina Feirtéar?

An Ghealach

Sa bhliain 1969 rinne Stáit Aontaithe Mheiriceá éacht mór. Tá cáil ar Neil Armstrong mar an chéad duine riamh a leag cos ar an ngealach. *Apollo 11* an t-ainm a bhí ar an misean áirithe sin. D'fhill an criú de thriúr fear ar Mheiriceá mar laochra domhanda. Bhí siad tar éis ocht lá a chaitheamh sa chianspás!



Bhí fear ann a cheap nár chaith siad oiread agus lá amháin lasmuigh de Mheiriceá ar chor ar bith, áfach. Bill Kaysing ab ainm don fhear sin.

Sa bhliain 1976 scríobh Bill paimfléad beag dar teideal, *We Never Went to the Moon: America's Thirty Billion Dollar Swindle*. Bhí Kaysing fostaithe ag comhlacht a rinne ceann de na roicéid don mhisean. Is éard a dúirt sé sa phaimfléad ná nach raibh sé ar chumas NASA an t-éacht sin a bhaint amach – agus gur chur i gcéill a bhí san eachtra ar fad.

Sa lá atá inniu ann creideann suas le fiche faoin gcéad de mhuintir Mheiriceá teoiric Bill Kaysing. Cé go bhfuil neart fianaise ann go raibh fir ar an ngealach sa bhliain 1969 agus go bhfuil daoine tar éis a bheith ar an ngealach ó shin, tá mistéir airithe i gcónaí ag baint leis an gceád choiscéim sin a shiúil Neil Armstrong ar dhromchla na gealaí..

Obair daoibh!

Is anagram iad seo thíos. Tá gach focal atá sa liosta ar fáil sa sliocht. Céard iad?

eaghacl, rceiemái, nideu, nimaáh, coshrbí, hactmclo, hcféi, neifsaai, lmidaapéf, éisimrt

Éagothroime i gcúrsaí spóirt!



Ní haon rún é go bhfuil bearna mhór idir an méid airgid atá ar fáil i sacar na bhfear agus an méid atá ar fáil do mhná ag imirt an spóirt chéanna. Le linn Chorn Domhanda na mBan anuraidh, tháinig scéal an-spéisiúil amach faoi fhoireann náisiúnta Iamáice agus faoin duine a bhí ag cabhrú le maoiniú na foirne.


Tá cáil i gcónaí ar an gceoltóir Iamácach, Bob Marley. Is duine é a chreid go mór sa taobh séimh agus flaithiúil den duine daonna agus bhí grá mór aige don sacar freisin. 27 mbliana i ndiaidh ré Bob, dúirt cumann sacair Iamáice nach raibh aon airgead ar fáil d'fhoireann na mban agus go raibh siad ag cur deireadh leis an bhfoireann. Mar gheall ar an gcinneadh sin bhí ar na mná dul ó dhoras go doras ag lorg cúnamh airgeadais.

Ceann de na doirse ar chnag siad air ná doras Cedella Marley, iníon Bob. Chuir sé as go mór do Cedella nach raibh cumann sacair Iamáice ag tabhairt tacaíochta do na mná agus gheall sí airgead agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Dá thoradh sin, sa bhliain 2019, ghlac na *Reggae Girlz* páirt sa Chorn Domhanda – an chéad fhoireann Cairibeach riamh sa chomórtas! Lean an grá a bhí ag Bob Marley don spórt i bhfad tar éis dó bás a fháil!

Gluais

éagothroime *inequality*
maoiniú = airgead a chur ar fáil

Crosfhocal daoibh! (Freagraí ag deireadh na caibidle)



Trasna

- 3 cabhair, cuidiú (6)
- 5 mistéir, eolas faoi cheilt (3)
- 6 caoin, cineálta (5)
- 9 míchothromaíocht (11)
- 10 tréimhse saoil (2)
- 11 fial (10)

Síos

- 1 an bhliain seo caite (8)
- 2 suimiúil (9)
- 3 clú (4)
- 4 Corn an Domhain, An Corn _____ (8)
- 7 cúnamh airgeadais (7)
- 8 poll, scoilt (6)

Éireannaigh agus an NFL

Rugadh Daniel Whelan in Áth na Sceire, Contae Chill Mhantáin sa bhliain 1999. Shocraigh na tuismitheoirí bogadh go Meiriceá agus Daniel trí bliana déag d'aois. D'imir an leaid sin sacar i dtosach báire, ach tar éis tamaill, thosaigh sé ag imirt Peil Mheiriceánach agus níorbh fhada go raibh a fhios aige go raibh sé sách maith ag an gcluiche!

Sa bhliain 2023 d'imir sé cuid de chluiche i bpríomhroinn na Peile Meiriceánaí san NFL – don fhoireann cháiliúil *Green Bay Packers*. Bhí sé sin an-eisceachtúil, mar níor imir aon Éireannach san NFL le beagnach ceathracha bliain roimhe sin.

Neil O'Donoghue ab ainm don Éireannach deireannach a ghlac páirt i gcluiche san NFL. Fathach d'fhear ab ea Neil agus é beagnach dhá mhéadar ar airde! Mar a bhí i gcás Daniel, ba é sacar an príomhspórt a d'imir sé agus, fiú, d'éirigh leis imirt le *Shamrock Rovers* agus le *Shelbourne* i léig sacair na hÉireann. Bhog sé go Meiriceá le sacar a imirt go proifisiúnta, ach ina ionad sin, thosaigh sé ag imirt san NFL!

Creid nó ná creid, is beag fear a rugadh in Éirinn a d'imir peil Mheiriceánach san NFL. Is é Daniel an t-aonú duine dhéag ar an liosta gairid sin. Ar ndóigh, ní spórt é a imríonn mórán Éireannach, ar aon nós.

Beagán taighde daoibh!

- Cén cúige ina bhfuil Áth na Sceire?
- An raibh Daniel Whelan ina dhéagóir nuair a bhog an teaghlach go Meiriceá?
- Cén stát i Meiriceá ina bhfuil *Green Bay Packers*?
- Cé chomh hard is a bhí Neil O'Donoghue?
- An bhfuil aon fhoireann Peile Meiriceánaí in Éirinn?

Dónal Óg



Tá cúpla ainm mhóra san iománaíocht atá ar eolas ag gach duine – ainmneacha ar nós Henry Sheflin, Nicky English agus DJ Carey, ach ba laoch amach is amach é Christy Ring. Tá gaol ag an anailísí Dónal Óg Cusack le

Christy Ring agus ní hamháin sin, ach tá seasamh an-ard aige in Éirinn mar dhuine cróga freisin.

Bhuaigh Dónal Óg Corn Mhic Cárthaigh faoi thrí agus é ag imirt le Contae Chorcaí idir na blianta 1997 ag 2012. Creideann a lán daoine go raibh sé ar an gcúl báire ab fhearr a d'imir an spórt ariamh. Bhí Dónal Óg pointeáilte agus é i mbun a chuid oibre, ach bhí sé breá sásta labhairt amach agus é ag imirt.

Sa bhliain 2009 agus é fós ag imirt, shocraigh Dónal rud a dhéanamh, a bhfuil eagla ar an-chuid daoine mar é a dhéanamh – go háirithe daoine a imríonn spórt d'aon chineál. Scríobh sé leabhar ina ndúirt sé go raibh sé aerach. Labhair sé faoin mbrú a chuir sé sin air agus é ag imirt iománaíochta ag an leibhéal ab airde. Cé nach raibh gach duine sásta leis an scéal, thug Dónal misneach do go leor daoine eile agus glacadh le 'Dónal Óg' mar ba chóir go nglacfaí.

Gluais

anailísí *analyst* **pointeáilte** *polite and tidy*
aerach *gay*

Tragóid Foirne



Is mór an buille é d'fhoireann ar bith nuair a fhaigheann duine de na himreoirí bás. Sa bhliain 2004 agus é ina chodladh, fuair Cormac McAnallen bás go tubaisteach le taom croí nach raibh tugtha faoi deara ag dochtúirí. An bhliain roimhe sin bhí Cormac tar éis Corn Mhig Uidhir a ardú le Contae Thír Eoghain sa pheil


ghaelach. I gcás tragóideach mar sin, bíonn ar an bhfoireann teacht le chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.



Is tragóid de chineál eile é nuair a tharlaíonn timpiste don fhoireann ar fad – mar a tharla d'fhoireann *Manchester United* sa bhliain 1958 nó do Chapecoense ón mBrasaíl sa bhliain 2016. Maraíodh ochtar d'fhoireann na *Busby Babes* agus iad ag fágáil aerfort München tar éis cluiche a imirt i gcoinne *Red Star Belgrade*. Ghlac sé na blianta orthu an tragóid sin a chur taobh thiar díobh.

Bhí an timpiste a tharla do Chapecoense ní ba mheasa fós. Maraíodh seachtó is a haon duine, ina measc naoi n-imreoirí déag. Ní raibh ach beirt den fhoireann in ann imirt agus rinne an tragóid uafásach sin scrios dochreidthe don chlub. Diaidh ar ndiaidh, tá siad ag dul i ngleic leis, ach níl ag éirí go rómhaith leo ar an bpáirc peile, faraor.

Crosfhocal daoibh!



(Freagraí ag deireadh na caibidle)

Trasna

1 eachtra bhrónach (7)

- 4 suan (7)
- 6 cupa a úsáidtear mar dhuais (4)
- 7 grúpa imreoirí ag imirt do chlub (8)
- 9 chomh maith le, mar aon le (4)
- 10 sonc láidir, clabhta mór (6)

Síos

- 1 anachain, timpiste uafásach (8)
- 2 ball den chine daonna (5)
- 3 lár nó meán ruda, ball lárnach an choirp (4)
- 5 cluiche a imrítear le liathróid leathair (4)
- 6 32 díobh seo in Éirinn (6)
- 8 deireadh saoil, éag (3)

Tráth na gCeist

(Freagraí ag deireadh na caibidle)

- 1 Cé mhéad ciorcal a bhíonn ar pháirc imeartha sacair?
- 2 Céard iad na dathanna atá ar bhratach na Polainne?
- 3 Cé mhéad uachtarán a bhí ar Éirinn roimh Mícheál D Ó hUigín?
- 4 Céard a d'fhág Karl Lagerfeld dá chat, *Choupette*, tar éis dó bás a fháil?
- 5 Cé chomh sean is a bhí an Tamagotchi ba shine?
- 6 Céard is ainm don chéad fhear a dhreap Sliabh Everest?
- 7 Cén fáth a bhfuil cáil ar an iasc *Surströmming*?
- 8 Cad is brí le Simba i Svahaílis (Swahili)?
- 9 Cén tír a bhuaigh an chéad Chorn Domhanda sa rugbaí?
- 10 Cén file a fuair duais Nobel sa Litríocht sa bhliain 1995?

(Freagraí ag deireadh na caibidle)

Dóchas don Amasóin?

Deirtear go scriostar deich míle acra talún san Amasóin gach lá agus is cúis imní é sin do lucht timpeallachta. Ach is cúis dóchais é an tionscadal píolótach ar cuireadh tús leis i bPeiriú le déanaí – ina n-úsáidtear róbait chun síolta a chur, rud a chabróidh le hathchoilltiú.

Róbat le dhá ghéag atá ann, a fhaigheann a chuid cumhachta ó phainéil ghréine.

Feidhmíonn sé i bplandlann atá suite i bPeiriú. Piocann sé suas sé shíol déag le chéile, bogann sé an cré ina gcuirfear iad, cuireann sé na síolta agus clúdaíonn sé iad le cré! Is féidir leis go leor síolta do 600 planda a chur in aon mhaidin amháin, méid suntasach a líonfadh spás dhá pháirc sacair!



Is buntáiste mór é an róbat do mhaoir fhoraoise na hAmasóine, mar tá siad in ann a bheith ag déanamh patróil, ag cosaint agus ag athphlandáil crainn óga! Tá an róbat suite i nduair Madre de Dios agus thóg sé trí lá é a thabhairt ann ar abhainn Las Piedras.

Dúirt Dennis del Castillo Torres, stiúrthóir an tionscadail, go bhfuil sé deimhin de gur féidir an Amasóin a shábháil in ainneoin an mhianadóireacht óir agus na lománaíochta a tharláíonn ann.

Gluais

plandlann = ceapach *nursery*

athchoilltiú = athfhoraoisiú *reafforestation*

suntasach *remarkable* **tionscadal** *project*

foraois = coill an-mhór *forest* **dufair** *jungle*

lománaíocht *logging*

Mínigh na téarmaí seo a leanas le focail atá níos simplí.

An Amasóin	Maor foraoise
Scriostar	Athphlandáil
An timpeallacht	Mianadóireacht óir
Athchoilltiú	Lománaíocht

Siúlóireacht bhog

Chaith Lucy Hird agus Emily Thornton deich mbliana ag tógáil tí ar cíós le chéile i Manchain, Sasana. Ba le linn na paindéime a thosaigh siad ag siúl le chéile. Thuig siad, áfach, go raibh an nós acu na siúlóidí a dhéanamh faoi bhrú ama agus nach raibh siad ag baint taitnimh astu, i ndáiríre.

Chinn siad na siúlóidí a dhéanamh i slí ní ba bhoige agus gineadh an téarma ‘siúlóireacht bhog’, a bhfuil 10 billiún amharc faighte aige ar a gcuntas Tik Tok darb ainm ‘Soft girls who hike’.

Bíonn tosaíochtaí faoi leith i gceist. Ba cheart:

- síocháin a mhothú ón tsiúlóid
- tosaíocht a thabhairt don fholláine
- éisteacht le do chorp
- go leor a ithe
- sosanna a thógáil nuair a theastaíonn siad
- gan tú féin a chur faoi bhrú
- stopadh chun féachaint ar rudaí suimiúla.

Gluais

siúlóireacht = siúlóid

gineadh = cumadh *was invented*

tosaíocht *priority*

Ceapann tusa gur smaoineamh iontach í an tsiúlóireacht bhog, ach ceapann do chara nach bhfuil ann ach leisciúlacht! Déanaigí amach bhur gcuid argóintí agus pléigí iad!

Tagtha abhaile!



Bhailigh slua mór le chéile le déanaí, ag Músaem Nisga’a, in British Columbia, atá suite i

dtuaisceart Cheanada. Ba í an ócáid a bhí ar siúl ná searmanas speisialta a réachtáladh do theacht abhaile Chuaille Cuimhneacháin Theach Ni’isjoohl.



Ar deireadh thiar tá stair a dteaghlaigh tugtha abhaile ag Náisiún Nisga’a, beagnach céad bliain ó goideadh an cuaille tótaim agus ó díoladh é le Músaem na hAlban. Cuaille 11 mhéadar ar airde is ea é, a goideadh sa bhliain 1929 agus a cuireadh ar taispeáint i Músaem Ríoga na hAlban an bhliain dár gcionn.

Rinneadh an cuaille tótaim sa bhliain 1860 in onóir do ghaiscíoch arbh é an chéad duine eile a bheadh ina thaoiseach ar a threibh é.

Creideann treibh Nisga’a go bhfuil spiorad a sinsear sa chuaille sin agus eagraíodh searmanas in Albain roimh ré – chun é a ullmhú dá aistear abhaile. Cuirfear an cuaille ar taispeáint i músaem na treibhe, i nGleann Nass, British Columbia.

Gluais

searmanas *ceremony*

gaiscíoch = laoch

- Téigh ar líne agus aimsigh pictiúr den chuaille tótaim atá thuasluaite. Bíodh comhrá agat faoi le duine eile sa rang.
- An aontaíonn tú gur ceart an cuaille tótaim a bheith ar ais lena threibh? Cén fáth?
- Déan taighde ar phobal dúchais Cheanada nó ar Threibh Nisga’a.

Fear an Ghainimh!

Ó Santiago de Chile go Rio de Janeiro, go dtí an Ghearmáin agus ar aghaidh go Port Láirge. Ba iad sin na háiteanna inar chónaigh an t-ealaíontóir gainimh, Manuel Frölich, go dtí seo. Is duine tréitheach é a chaitheann uaireanta fada ag cruthú íomhánna ar an ngaineamh, gan aige ach uirlisí simplí – maidí bambú, sreang, miosúr agus rácaí gairdín, mar shampla.

Bhíodh suim ag Manuel i gcónaí san ealaín agus thaitin péinteáil go mór leis. Rinne sé staidéar ar ailtireacht ar feadh tamaill, ach chaill sé suim inti sin.



teocht ag cúig chéim faoin reophointe! Bhí máthair tar éis a mac a chailleadh agus gan é ach seacht mbliana déag d'aois. Chun fiche haonú bhreithlá a mic a cheiliúradh, d'iarr sí ar

Manuel portráid a dhéanamh de ar an ngaineamh – rud a rinne sé le fonn – ar a trí a chlog ar maidin!



D'fhág sé teachtaireacht rúnda dá chailín sa ghaineamh lá – agus b'in an chaoi ar chuir sé suim san ealaín ghainimh i dtosach báire! Is í an bhean óg sin a bhean chéile anois agus tá tatú den teachtaireacht chéanna ar a géaga.

Tosaíonn Manuel ag obair nuair a thránn an taoide agus bíonn idir ceithre agus seacht n-uaire aige chun dearadh a chruthú. Cuireann sé drón in airde chun pictiúr a ghlacadh sula líonann an taoide, ag clúdach a shaothair.

Is minic a dhearann sé siombailí Ceilteacha agus dearaí geoiméadracha; agus uaireanta bíonn réamhobair i gceist sa bhaile ar leathanach A3.

Is cumhin leis portráid a dhéanamh sa ghaineamh ar a trí a chlog ar maidin agus an

Gluais

tréitheach = tallannach *gifted*

ailtireacht *architecture*

geoiméadrach *geometric*

saothar *work* **dear** *design*

- Cén dearadh a dhéanfa féin i ngaineamh? Cén fáth?

- An cur amú ama í an ealaín ghainimh, i do thuairimse? Scríobh alt

gairid mar fhreagra.

- An bhfuil ealaín ghainimh feicthe agat – in Éirinn nó thar lear? Déan cur síos uirthi.

Tragóid Traenach

Nuair a bhí Jesús García seacht mbliana déag d'aois fuair sé a chéad phost ag obair ar thraenacha. Ar dtús ba bhuachaill uisce é, ach diaidh ar ndiaidh, d'éirigh leis poist ní b'fhearr a bhaint amach, ag bogadh traenacha i gclós na dtraenacha agus, ina dhiaidh sin, i bhfeighil na gcoscán.

Lá amháin iarradh ar Jesús traen a thiomáint toisc go raibh an tiománaí tinn. Traen thábhachtach ba ea í, mar bhí ceithre mhíle cileagram de dhínimít ar bord! Ba é an ceann scríbe a bheadh roimhe ná an mianach áitiúil.

Cuireadh an dá vaigín a bhí lán de dhinimít díreach taobh thiar den inneall traenach. Ba istigh ansin a bhí an coire mór guail chun an traein a chur ag gluaiseacht. Gan foláireamh, d'éirigh spréacha ón gcoire a d'imigh leis an ngaoth agus a thuirling ar fhéar tirim a bhí ar bharr na vaigíní dinimíte. I bpreabadh na súl d'imigh an féar tirim trí thine agus éigeandáil cheart a bhí ann anois.



Chonaic Jesús an tine láithreach. Thuig sé go raibh an traein ag gluaiseacht trí bhaile Nacozari, áit a raibh na mílte daoine ina gcónaí. Thuig sé chomh maith nach raibh mórán ama aige tubaiste a sheachaint. In ionad tiomáint ar aghaidh nó iarracht a dhéanamh an tine a mhúchadh, chúlaigh sé an traein agus bhéic sé leis na hoibrithe eile a bhí ar bord léim den traein. Ansin scread sé: “Abraigí paidir ar mo shon!” Lean Jesús ag cúlú na traenach le fána, ag cur ceithre chiliméadar idir an traein agus baile Nacozari.

Deich gciliméadar ón traein, briseadh fuinneoga na dtithe go léir nuair a phléasc an traein agus Jesús fós ar bord!

Ní raibh sé ach cúig bliana is fiche d'aois.

Inniu Nacozari de García is ainm don bhaile in onóir do Jesús a tharrtháil muintir an bhaile ó thubaiste.


Tá leacht cuimhneacháin, deich méadar ar airde, i lár an bhaile ina onóir anois – agus ceiliúrtar Lá Náisiúnta Iarnród i Meicsiceo ar an seachtú lá de Shamhain, an lá sa bhliain 1907, ar maraíodh Jesús ar an traein dinimíte.



Gluais

coscán *brake* mianach *mine*
 ceann scríbe = ceannphointe *destination*
 coire = pota gan foláireamh = gan choinne
 spréach *spark* i bpreabadh na súl = go tobann
 éigeandáil = práinn, cruachás *emergency*
 le fána = síos leacht cuimhneacháin *memorial*

Crosfhocal eile daoibh anois! (Freagraí ag deireadh na caibidle)



Trasna

- 3 áit faoin talamh a mbíonn gual ann (7)
- 6 ag dul síos, ag titim le _____ (\$)
- 8 ábhar pléascáin chun damáiste mór a dhéanamh (7)
- 10 sábháil, e.g., ó thubaiste (9)
- 11 pota mór (5)
- 12 deireadh aistir, ceann cúrsa, ceann _____ (6)

Síos

- 1 práinn (10)
- 2 i bhfaiteadh na súl, i _____ na súl (9)
- 4 gan mhoill, anois díreach (10)
- 5 tar éis an ranga, i _____ an ranga (7)
- 7 feithicil mhór a ritheann ar ráillí (6)
- 9 matalang, cinniúint, eachtra dochrach (8)



Slán!



Tá *Mario time* thart do Charles Martinet, an fear a bhí taobh thiar de ghuth Mario le seacht mbliana is fiche anuas. Is carachtar é Mario ar an gcluiche físeáin Nintendo *Super Mario Bros*.

Ba é Charles guth Luigi, leathchúpla Mario, agus an bhithiúnaigh, Wario, freisin!

Tá Charles seacht mbliana is seasca d'aois anois.

Gluais

bithiúnach = rógaire

Cad déarfadh Mario faoi?

- 1 Ar mhaith leat post den sórt sin?
- 2 Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh leis?
- 3 Ar cheart do Charles éirí as mar ghuth Mario de bharr a aoise?
- 4 Cén aois ar cheart do dhuine éirí as?

Críochnaígí na nathanna cainte seo a leanas:

Chomh bán le...

Chomh dearg le...

Chomh dubh le...

Chomh milis le...

Chomh caol le...

Chomh folláin le...

Chomh glic le...

Chomh beag le...

Chomh bog le...

Chomh sean le...

Chomh calma le...

Sioráf gan spotaí!

Rugadh sioráf gan spotaí i Zú Brights, Tennessee, ar 31 Iúil 2023 agus deir saineolaithe gurb í an t-aon sioráf dá sórt beo ar domhan inniu. Is sioráf baineann í, atá go hiomlán donn. Iarradh ar an bpobal vótáil dá rogha ainm ar leathanach Facebook an zú.



Ní hamháin go dtugann na spotaí duaithníocht do shioráf, ach tá fuileadáin fúthu a ligeann do theas éalú.

Gluais

duaithníocht *camouflage*
fuileadán *blood vessel*

Obair duit!

Déan taighde ar líne faoin scéal thuas chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

- 1 Cé mhéad duine a chaith vóta d'ainm an tsioráif?
- 2 Cen t-ainm a roghnaíodh?
- 3 Cad is brí leis an ainm sin?
- 4 Ar rugadh aon sioráf eile gan spotaí riamh?

Leisciúlacht in Montenegro!

Le dhá bhliain déag anuas tá comórtas 'leisciúlachta' eagraithe ag lóistín Leaba agus Bricfeasta in Brezna, Montenegro!

Fanann na hiomaitheoirí ar thocht ar an úrlár agus ní dhéanann siad faic! Níl cead acu seasamh ná suí, ach tá cead fón póca a úsáid, leabhar a léamh agus bualadh le cuairteoirí. Gach ocht n-uaire tugtar sos cúig nóiméad déag dóibh.



Tuigeanann uinéir an lóistín go bhfuil muintir Montenegro réchúiseach agus is comórtas é chun greann a bhaint as an steiréitíopáil sin.

Chuir 21 duine isteach ar an gcomórtas ag iarraidh duais míle euro a bhuachan. Bhí ceathrar fágtha tar éis cúig lá.

Gluais

iomaitheoir = duine páirteach i gcomórtas
tocht *mattress* **réchúiseach** *easygoing*

- **Cad é do thuairim faoin gcomórtas seo?**
- **An nglacfa páirt ann?**

Phil an Cheoil!

Eisíodh leagan nua d'amhrán cáiliúil Phil Coulter le déanaí. Thaifead 40 ball de Chór Náisiúnta Úcránach an singil *Steal Away* leix na focail aistrithe go hÚcráinis. Seoladh an singil nua in Eaglais Naomh Stíofáin, Baile Átha Cliath, nuair a chan an cór in éineacht le Phil Coulter.



Scríobhadh an t-amhrán beagnach daichead bliain ó shin – faoi na trioblóidí sna Sé Chontae. Ach tuigeanann Coulter go bhfuil na liricí fós oiriúnach i gcás na hÚcráine inniu. “Bhí mé ar tí tosú ag gol,” arsa Coulter, “nuair a chuala mé m'amhrán á chanadh in Úcráinis.”

Is féidir an singil a ioslódáil ar *Spotify* agus léireofar clár faisnéise faoin tionscadal imeascha go luath.

Seo liosta, sa ghreilla ar chlé thíos, de chuid de na briathra sa sliocht. Scríobh amach fréamh an bhriathair. Tá an chéad sampla déanta duit.

Eisíodh	Eisigh
Thaifead	
Seoladh	
Chan	
Scríobhadh	
Tuigeanann	
Chuala	
Léireofar	

Aimsigh cúig ainmfhocal sa phíos (Phil an Cheoil!) a bhfuil baint acu le cúrsaí ceoil.

Le cabhair ón idirlíon, scríobh beatháisnéis ghairid faoi Phil Coulter.

Nach álainn na bóiní Dé!

Is aoibhinn le páistí iad agus i gcultúir áirithe is siombail an áidh iad. Ach an raibh a fhios agat gur chiaróg í an bhóin Dé?



De réir an tseanchais, ghuíodh feirmeoirí na hEorpa le Muire, máthair Dé, chun a mbarraí a chosaint ó scrios lotnaidí. Nuair a tháinig ainmhí nua chun na lotnaidí a scriosadh, bhaist na feirmeoirí *beetle of Our Lady* air agus ba uaidh sin a tháinig an t-ainm *ladybug*.



Tá 5,000 speiceas de bhóiní ar domhan. Tá sórt amháin, an bhóin airleacáin, ag cruthú raice le blianta anuas. Tá siad difriúil ón mbóin Dé, mar is féidir leo greim beag a bhaint asat trí do chraiceann a scríobadh! Nuair a mhothaíonn siad faoi bhagairt scaoileann siad leacht buí le boladh bréan ó ailt a gcos. Bailíonn siad i ngrúpaí cúpla dosaen – nó fiú cúpla míle – san

Fhómhar chun an Geimhreadh a chaitheamh laistigh ar shíleálacha nó i gcúinní ballaí, mar shampla.

Tá coilíneachtaí díobh sa Bheilg cheana féin – agus iad ag leathadh ar fud na Fraince anois.

Gluais

bóin Dé *ladybird* **ciaróg** *beetle*

lotnaid *pest*

raic = **scliúchas, trioblóid** *rumpus*

bóin airleacáin *Halloween lady beetle*

leacht *liquid* **bréan** = **lofa** *rotten*

alt coise *ankle-joint* **coilíneacht** *colony*

easna *rib*

Ceisteanna duit!

- Cén seanfhocal atá ann a luann ‘ciaróg’?
- Tá míniú eile sa seanchas ar an ainm *bóin Dé*. Cad é?
- An dóigh leat gur ceart na bóiní airleacáin a mharú? Mínigh do fhreagra.

Ionchuimsiú trí theicneolaíocht nua – Réamhobair:

Aimsigh brí na bhfocal seo a leanas sula léann tú an píosa thíos.

ionchuimsiú	
bodhar	
mothaigh (mothú)	
haptach	
sreang	
crith (creatha)	
aisfhuaime	
easna(cha)	
guailí	
aonréadaí	
caol na láimhe	
constaic	
míchumas	
faoi allaíre	

Gluais

ionchuimsiú *inclusiom*

An dtéann daoine le deacracht éisteachta go ceolchoirmeacha? An féidir leo taitneamh a bhaint as ceol?

Ag ceolchoirm chlasaiceach i Nua-Eabhrac le déanaí cuireadh veisteanna speisialta ar fáil chun cabhrú le daoine atá bodhar nó daoine le deacrachtaí éisteachta an ceol a mhothú.



Veist haptach ab ea é a bhí gan sreang, le 24 phointe creatha air. Nuair a seinneadh uirlis, d'aisfhuaimnigh sí i mball áirithe den chorp; mar shampla, d'aisfhuaimnigh veidhlíní sna heasnacha, an corn Francach sna guaillí agus aonréadaí i gcaol na láimhe.

Bhunaigh Daniel Belquer *Music:Not Impossible* chun teicneolaíocht a fheabhsú le deireadh a chur le constaicí sóisialta, go háirithe constaicí a bhaineann le míchumas. De bharr na teicneolaíochta seo is féidir le daoine faoi allaíre ceol beo a mhothú trí chrith.

Gluais

Ionchuimsiú *inclusion*

haptach = bainteach le tadhall (*sense of touch*)

crith (ginideach = creatha) *vibration*

aisfhuaimnigh *reverberate* **aonréadaí** *soloist*

constaic *obstacle*

Staidiúir Ióga

Baineann na céadta staidiúir le ióga agus gach seans gur chuala tú cuid díobh – staidiúir an ghaiscígh nó madra ceann thíos!



Deirtear go bhfeabhsaíonn ióga do láidreacht, chothromaíocht, sholúbthacht, phian, chodladh, strus agus go leor eile. Deirtear freisin go bhfuil staidiúir faoi leith a oireann do gach réaltchomhartha!

Gluais

staidiúir *posture*

Seo roinnt acu!

(Bain úsáid as foclóir anseo más gá!)

An Reithe	Staidiúir an bháid
An Tarbh	Staidiúir an chrainn
An Leon	Staidiúir an leoin
An Mheá	Staidiúir an iolair
An Gabhar	Staidiúir an tsléibhe

Gluais

staidiúir *posture*

solúbthacht = aclaíocht *suppleness*

- Críochnaigh liosta na réaltchomharthaí atá luaite sa ghreille.
- Aimsigh an staidiúir a oireann do gach ceann díobh.
- An aontaíonn tú leis an staidiúir a théann le do chomhartha féin? Cén fáth?
- Bíodh craic agaibh le chéile ag cur staidiúirí greannmhara oraibh féin.

Painéil ghréine

Artach nach bhfuil ceangailte d'eangach leictreachais.



Is cinnte gur thug tú faoi deara an méid painéil ghréine atá curtha in airde ag daoine ar dhíonta a dtithe.

Tá siad tar éis an Mol Thuaidh a shroicheadh freisin!

Is in airde ar dhíon sheanstáisiún raidió loingseoireachta san Iorua atá 100 painéal le feiceáil agus 360 eile curtha i bpáirc in aice leis.

Go dtí seo bhí an seanstáisiún raidió, atá anois ina bhunáit do thurasóirí, ag brath go hiomlán ar ghineadóir díosail, ach cruthóidh na painéil ghréine féin leath den leictreachas atá ag teastáil uaidh as seo amach!

Má bhíonn rath ar an tionscadal, cabhróidh sé le pobail Artacha aistriú go fuinneamh glas.

Ceisteanna duit

- An bhfuil painéil ghréine feicthe agat? Cá bhfuil siad?
- Cad is brí leis an téarma, *fuinneamh glas*, dar leat?
- Tabhair cúpla shampla d'fhuinneamh glas.
- Abair go bhfuil go leor airgid agat teach a cheannach. An mbeifeá sásta painéil ghréine a chur ar dhíon an tí sin? Cén fáth?



Gluais

loingseoireacht *voyaging*
eangach leictreachais *electrical grid*

Aerfhriochtóirí

Cuir na focail san ord ceart i ngach abairt anseo. (Bain úsáid as foclóir más gá!)

- 1 ag ola mórán níl teastáil =
- 2 leictreachais ná lú níos gnáthoigheann aerfhriochtóir úsáideann =
- 3 le gnáthoigheann saoire tá níos ceannach ná aerfhriochtóir =
- 4 ciseán nó iontu tráidirí bíonn =
- 5 donnóga, ann, mo, rinne, chara

Gluais

aerfhriochtóir *air fryer*



Is tionscadal píolótach é seo, féachaint an féidir painéil ghréine a úsáid i 1,500 láthair eile san

Gearrscannán – Rúbaí

na páistí nuair a dhéanfaidh siad an Chéad Chomaoineach?



Tá an ceacht seo bunaithe ar an ngearrscannán *Rúbaí* atá ar fáil ar *YouTube* nó tríd an gCód QR thíos.

Sula bhféachann tú ar an scannán, scrúdaigh an pictiúr den chailín óg sa phictiúr thuas. Cén sórt cailín í, dar leat?



Beidh tú ag féachaint ar an scannán i gceann nóiméid. Nuair a bheidh sé ar siúl smaoinigh ar na ceisteanna seo:

- 1 Cén sórt duine é an múinteoir?
 - 2 Cén rud is mó atá ag cur isteach ar mháthair Rúbaí, dar leat?
 - 3 An cailín dána í Rúbaí?
- Féach ar an scannán anois. Nuair a bheidh sé feicthe agat, roinn do chuid tuairimí faoi cheisteanna 1 go 3 thuas le cara leat. An raibh sibh ar aon intinn le chéile?
 - Déanaigí plé sa rang ar na focail faoi chló iodálach thíos. Cad is brí leo? (Ní hé an focal Béarla atá ag teastáil anseo, ach míniú Gaeilge ar a bhfuil i gceist leis na focail.)

Aindiachaí Éabhlóid

Féach ar an scannán arís agus freagair na ceisteanna seo.

- 1 Dar leis an múinteoir, cad a tharlóidh do

- 2 Cén freagra a thugann an múinteoir ar Rúbaí nuair a deir sí nach bhfuil aon Dia ann?
- 3 Cad a tharlaíonn nuair a chloiseann Rúbaí an múinteoir ag caint lena máthair?
- 4 Cén leabhar atá á léamh ag Rúbaí?
- 5 Cad a dhéanann Rúbaí leis an gCoróin Mhuire?
- 6 Conas a mhothaíonn an sagart nuair a bhíonn sé ag caint le Rúbaí?
- 7 Cén fáth a bhfuil máthair Rúbaí náirithe?
- 8 Cá dtéann Rúbaí leis an iasc marbh?
- 9 Cén fáth nach greideann Rúbaí i nDia?

Cén tuairim atá agat féin faoin scannán seo (greannmhar, brónach, suimiúil, leadránach, etc.)? Cuir fáth le do fhreagra.

Samhlaigh go bhfuil tusa ag labhairt le Rúbaí. Cad iad na ceisteanna a chuirfeá uirthi?

Taighde
Luaitear Charles Darwin go minic sa scannán seo.

Cad tá ar eolas agat faoi Charles Darwin? Déan taighde air chun tuilleadh eolais a bhailiú faoi.

Díospóireacht Ranga

An féidir le duine creideamh a bheith aige i nDia agus, ag an am céanna, i dteoiric na héabhlóide?

Críoch

Cruthaigh póstaer, méim, dán, pictiúr nó eile a léiríonn téama an scannáin seo.



Freagraí!

Cúinne na Gramadaí

Ceacht 1

(a)

Rothaím nuair a shroichim
cuirim labhraím agus
brostaím tosaíonn
ceartaíonn freagraíonn
cabhraíonn bogann



(b)

sroicheann Ní shroicheann An sroicheann?
cuirim ní chuirim An gcuirim?
labhraím ní labhraím An labhraím?
brostaím ní bbrostaím An mbrostaím?
tosaíonn ní thosaíonn An dtosaíonn?
ceartaíonn ní cheartaíonn An gceartaíonn?
freagraíonn ní fhreagraíonn
An bhfreagraíonn?
cabhraíonn ní chabhraíonn
An gcabhraíonn?
bogann ní bhogann An mbogann?

Ceacht 2

(h) Feicim ní fheicim
(i) Éirimid ní éirimid
(j) Bíim ní bhím
(k) Téann ní théann
(l) Tiomáinimid ní thiomáinimid
(m) Buaileann ní bhuaileann
(n) Buailim ní bhuailim

Ceacht 3


10 Fágaimid...
11 Fágann...
12 An bhfanann sibh?
13 Canann...
14 Dúnann...
15 Íocaim...
16 Ólaim...
17 Féachaim...
18 Ní fhéachann...



Seirbhís Taistil Phoiblí



Seoid mhórluachach!



Lá Fhéile Pádraig




Éagothroime i gcúrsaí spóirt!



Crosfhocal eile daoibh anois! (Tragóid Traenach)



Tragóid Foirne



Coirnigh – Meitseáil Focal, ***bunaithe ar shliocht ar leathanach 18***

- Meitseálaigí focal/frása sa cholún ar dheis thíos le focal/frása ar aon bhrí leis sa cholún ar chlé.

1	coirneach	A	éan a imíonn thar lear gach bhliain
2	éan óg	B	lúcháir
3	éan imirceach	C	spásmhar, leathan
4	Fear Manach	D	tháinig siad ar ais
5	Giles Knight	E	éan creiche nach bhfacthas le fada
6	ríméad	G	fear a tháinig ar dhá éan agus éin óga leo
7	gob	H	béal éin
8	fairsing	J	contae i gCúige Uladh
9	d'fhill siad	K	tír ina bhfeictear coirnigh go minic
10	Albain	L	gearrcach

Tráth na gCeist – Freagraí!

- Trí cinn
- Dearg agus bán
- Ochtar
- Airgead
- 89 lá
- Edmund Percival Hilary
- Boladh uafásach
- Leon
- An Nua-Shéalainn
- Seamus Heaney